NCCA
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment



# An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta

## Tuarascáil Bhliantúil 2023





# An Clár Ábhar


Brollach 9

Réamhrá 12

1. Forbhreathnú ar obair CNCM, 2023 16

2. Dul chun cinn ar obair CNCM in 2023 18

3. Maidir le CNCM 30
   - Fís 30
   - Misean 30
   - Rialachas 30
   - Freagrachtaí na Comhairle 30
   - Struchtúr na Comhairle 34
   - Cothromaíocht Inscne i gcomhaltas na Comhairle 36
   - Soláthar Glas agus Éifeachtúlacht Fuinnimh 36
   - Comhionannas agus Cearta Daonna 37
   - Achtanna na dTeangacha Oifigiúla, 2003 agus 2021 37
   - Soláthar Faisnéise do Chomhaltaí an Oireachtais ó Chomhlachtaí Stáit 38
   - An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca (CIR) 38
   - An Coiste Rialachais (CR) 38
   - Sceideal Tinrimh, Táillí agus Costas 39
   - Athruithe Príomhphearsanra 40
   - Nochtadh a Éilítear de réir an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) 40
   - Miondealú ar Shochair Ghearrthéarmacha Fostaithe 43
   - Costais Dhlíthiúla agus Socraíochtaí Dlíthiúla 43
   - Costais Sainchomhairleoireachta 43
   - Caiteachas Fáilteachais 44
   - Ráiteas Comhlíontachta i leith an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 45

Cosaint Leanaí 46

An Fhoireann 46
   - Boird agus Meithleacha Forbartha 51
   - Airgeadas 51

## An Clár Ábhar (ar lean)


Aguisín 1: Cruinnithe CNCM, 2023 — 52

Aguisín 2: Cuir i láthair CNCM (rogha), 2023 — 54

Aguisín 3: Tuarascáil ar nochtadh cosanta — 56

Aguisín 4: Ráiteas ar Rialú Inmheánach — 57

- Raon na Freagrachta — 57
- Cuspóir an Chórais Rialaithe Inmheánaigh — 57
- CNCM agus an Córas Rialaithe Inmheánaigh — 57
- An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca — 58
- Rialú Inmheánach — 58
- Creat Riosca agus Rialaithe — 60
- Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach — 63
- Tuarastail agus Pá — 63
- Soláthar — 64
- Athbhreithniú ar Éifeachtacht — 64
- Saincheisteanna Rialaithe Inmheánaigh — 64










## Brollach

Is amhlaidh atáimid i dtréimhse ina bhfuil athrú agus deis shuntasach ann ar fud earnálacha i gcóras oideachais na hÉireann, agus tá obair CNCM lárnach ann ó na luathbhlianta go deireadh na hiar-bhunscoile. Tugtar tús áite i gcur chuige na Comhairle maidir le forbairt curaclaim agus measúnachta d'oibriú go dlúth le scoileanna agus suíomhanna, dul i mbun taighde agus foghlaim ó fhorbairtí go hidirnáisiúnta, dul i gcomhairle go forleathan, agus an méid sin uile a thabhairt isteach i gcíoradh fairsing agus atriallach leis na comhpháirtithe san oideachas. Agus é fréamhaithe i bhfírinní scoileanna agus suíomhanna i gcomhthéacs na hÉireann, tá an cur chuige sin fós lárnach i bhfís na Comhairle go mbeidh gach páiste agus scoláire in ann taithí a fháil ar eispéiris atá taitneamhach, tarraingteach, ábhartha agus dúshlánach mar is cóir, agus tairbhe a bhaint astu, eispéiris a thacaíonn leo foghlaim i ndomhan atá ag athrú, cónaí ann, cur leis, cúram a dhéanamh de, agus a bheith ag obair ann.

Má fhéachtar go grinn ar gach earnáil, nochtar éagsúlacht agus scála obair na Comhairle in 2023. I gcás oideachas luath óige, rinne CNCM nuashonrú leanúnach ar Aistear: Creatchuraclam na Luath Óige, ag díriú ar thograí a bhí múnlaithe ag torthaí taighde agus comhairliúcháin. Príomhghné de sin ab ea comhairliúchán ceannródaíoch agus nuálach le babaithe, naíonáin agus páistí óga. Tháinig borradh mór faoin dul chun cinn ar athbhreithniú agus ar athfhorbairt churaclam na bunscoile le seoladh an chéad chreatchuraclaim riamh de chuid na hÉireann do bhunscoileanna agus scoileanna speisialta.

Agus an fhís á leagan amach do churaclam athfhorbartha, cuireadh bonn eolais faoi Nuachuraclam Matamaitice na Bunscoile sa chreat seo a foilsíodh ag tús na scoilbhliana 2023/2024 agus a bhí ar an gcéad nuashonrú ar an gcuid sin den churaclam ó bhí 1999 ann. I gcás na sraithe sóisearaí, tá forbairtí a tugadh isteach de réir a chéile idir 2014 agus 2019 fós á leabú i gcleachtas na scoileanna agus thacaigh obair CNCM go leanúnach leis sin trí shamplaí de phíosaí oibre an scoláire agus athbhreithnithe luath ar chur i bhfeidhm sonraíochtaí. I gcás na sraithe sinsearaí, géaraíodh ar an ngníomhaíocht in 2023, agus rinneadh dul chun cinn ar roinnt mhaith snáitheanna den obair athfhorbartha. Mar chuid de sin, áiríodh obair ar nuashonrú a dhéanamh ar Ráiteas Chlár na hIdirbhliana agus ar sheacht nábhar Ardteistiméireachta a bhí ann cheana, chomh maith le hábhair úrnua a fhorbairt agus soláthar curaclaim ar Leibhéil 1 agus 2. Rinneadh dul chun cinn ar an obair seo uile ar fud earnálacha trí rannpháirteachas ollmhór leis na páirtithe leasmhara agus dlúthchomhar le múinteoirí/le hoideoirí, daoine óga agus ceannairí scoile.

Mar a fheictear sna táblaí a chuirfear i láthair níos déanaí sa Tuarascáil Bhliantúil, d'infheistigh an Chomhairle cistí suntasacha freisin i dtaighde agus í á áirithiú gur fianaise atá mar bhonn eolais faoin gcomhairle a thugann sí agus a chuireann sí os comhair an Aire. De bharr na hinfheistíochta sin, leanadh den staidéar fadaimseartha lena bhfiosraítear eispéiris páistí sa bhunscoil agus an staidéar lena ngabhtar eispéiris scoileanna ar an gCreat don tSraith Shóisearach a thabhairt isteach agus a chur i bhfeidhm. I dtreo dheireadh na bliana, thionscain an Chomhairle an tríú staidéar freisin a raibh gné fhadaimseartha aige agus a dearadh chun eispéiris scoláirí agus múinteoirí ar shonraíochtaí Gaeilge na Sraithe Sóisearaí a dhoiciméadú agus chun foghlaim uathu.

Baineadh príomh chlocha míle i dtaobh rialachas corparáideach amach le linn na bliana freisin, lena n áirítear cur i gcrích athbhreithniú eagraíochtúil. Chruthaigh seo deis uathúil chun struchtúr inmheánach agus acmhainní CNCM a athbhreithniú agus a áirithiú go mbeidh siad iomchuí chun tosaíochtaí straitéiseacha na heagraíochta a bhaint amach sa todhchaí. Tugadh faoi phleanáil shuntasach freisin chun ullmhú d'aistrithe oifige i mBaile Átha Cliath agus i bPort Laoise.

Níl anseo ach léargas ar chuid de na príomhaschuir ón obair ar a ndearna an Chomhairle maoirseacht in 2023. Leis an ngrafaic faisnéise a chuirtear i láthair ar leathanaigh 16–17 tugtar forbhreathnú físiúil ar scála agus castacht ár gcuid oibre. Mar Chathaoirleach, tuigim go rímhaith gurb amhlaidh nach dtarlaíonn obair atá chomh héagsúil agus chomh fairsing sin, agus ar an scála seo, ach trí thiomantas na Comhairle, a cuid páirtithe leasmhara agus a ball foirne. Is léiriú follasach air sin é an liosta de chruinnithe CNCM a chuirtear i láthair sa ghrafaic faisnéise. Tugann comhaltaí na Comhairle agus comhaltaí meithleacha agus bord um fhorbairt ábhair a gcuid ama agus comhroinneann siad a gcuid saineolais, léargais agus taithí ar bhonn deonach.

Tá a suim agus a dtiomantas d'fhorbairt curaclaim i gcroílár sholáthar rathúil na hoibre ríthábhachtaí a dhéanann CNCM. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil freisin leo siúd sa Roinn Oideachais lenar oibrigh CNCM le linn na bliana— an tAire Oideachais, Norma Foley, TD., Foireann Bhainistíochta na Roinne faoi stiúir an Ard Rúnaí, Bernie McNally, Uasal, agus comhghleacaithe san Aonad um Beartas Curaclaim agus Measúnachta agus Oifig an Chláir um Athfhorbairt na Sraithe Sinsearaí as an spéis, as an ionchur, as an gcomhoibriú, as an tacaíocht agus as acmhainní a chur ar fáil ionas gur cuireadh ar chumas na Comhairle a clár oibre a chur i gcrích.

Tá an t ádh dearg orainn in CNCM go bhfuil foireann againn a bhíonn ag dul i méid i gcónaí chun an clár fairsingíoch oibre a léiriú, agus ar áirithigh a gcuid saineolais, díograise, agus tiomantais láidir gur cuireadh clár oibre a bhí forleathan agus dúshlánach i gcrích in 2023, laistigh de spriocdhátaí dochta in amanna.

Ba é 2023 an chéad bhliain iomlán ina raibh mé mar Chathaoirleach CNCM. Is mian liom buíochas a ghabháil leis na Leaschathaoirligh, an tUasal Joe McKeown agus an Dr Michael Redmond agus le comhaltaí na Comhairle as a gcuid oibre agus tacaíochta ar feadh an 12 mhí. Faoi chlár oibre na Comhairle, éilíodh ar na comhaltaí déileáil ar bhealach dearfach agus tairbheach le réimse saincheisteanna casta maidir le curaclam agus measúnacht. Is mian liom buíochas a ghabháil freisin le comhaltaí ár gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca agus le comhaltaí ár gCoiste Rialachais as an obair a rinne siad chun ardchaighdeáin a áirithiú i réimsí na bainistíochta airgeadais agus an rialachais chorparáidigh. Ar deireadh, is mian liom aitheantas a thabhairt don obair a rinne Joe, Michael agus an Dr Finn Ó Murchú chun ceannaireacht shuntasach a sholáthar mar Chathaoirligh ar na Boird don Luath Óige agus don Bhunscoil, ar an mBord don tSraith Shinsearach agus don tSraith Shóisearach, faoi seach. Táim ag tnúth go mór le leanúint de bheith ag obair leis an gComhairle chun tacú leis an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin agus leis an bhfoireann chun bogadh ar aghaidh le hobair thábhachtach CNCM.

Seán Ó Foghlú

An tUasal Seán Ó Foghlú,
Cathaoirleach CNCM











## Réamhrá

Bliain ghnóthach eile do CNCM ab ea 2023. Bhí an obair athfhorbartha ar an gcuraclam ag leibhéil na bunscoile agus na sraithe sinsearaí mar chuid mhór de chlár oibre na Comhairle. Ina theannta sin, baineadh clocha míle amach le linn na bliana i réimse an rialachais chorparáidigh le cur i gcrích an chéad athbhreithnithe eagraíochtúil ó cuireadh CNCM ar bhonn reachtúil breis is fiche bliain ó shin.

In 2023, rinneadh obair shuntasach chun curaclam na bunscoile agus an tsraith shinsearach a athfhorbairt, chun Aistear: Creatchuraclam na Luath Óige a nuashonrú, agus chun tacaíochtaí a sholáthar do scoileanna le go mbeadh siad in ann an Creat don tSraith Shóisearach a chur i bhfeidhm. Leis an ngníomhaíocht sin, tháinig deiseanna tábhachtacha chun cinn chun díriú ar ról an churaclaim chun cur ar chumas gach duine óg taithí a fháil ar theagasc, foghlaim agus measúnú ar ardchaighdeán agus tairbhe a bhaint as. Tá príomhghnéithe den obair seo leagtha amach i Sprioc Straitéiseach 1 (leathanaigh 18–20) a chuimsíonn:

- moltaí chun Aistear a nuashonrú chomh maith le comhairliúchán leathan, poiblí orthu
- foilsiú Chreatchuraclam na Bunscoile agus Nuachuraclam Matamaitice na Bunscoile
- dréachtaí tosaigh de shonraíochtaí do na réimsí curaclaim uile sa churaclam bunscoile athfhorbartha
- athbhreithnithe luath ar chur i bhfeidhm na Sonraíochtaí Gaeilge na Sraithe Sóisearaí T1 agus T2, ar Nuatheangacha (an Fhraincis, an Ghearmáinis, an Spáinnis, an Iodáilis) agus ar an AmharcEalaín
- sonraíochtaí nua do Chorpoideachas na Sraithe Sóisearaí agus OSPS na Sraithe Sóisearaí
- dréachtaí tosaigh de shonraíochtaí do dhá ábhar Ardteistiméireachta nua—Gníomhú ar son na hAeráide agus Forbairt Inbhuanaithe, agus Drámaíocht, Amharclannaíocht agus Scannánaíocht
- dréachtsonraíochtaí do shé ábhar Ardteistiméireachta
- dréacht nuashonraithe de Ráiteas Chlár na hIdirbhliana agus dréachtchuraclam OSPS na Sraithe Sinsearaí
- dréachtaí tosaigh de mhodúil na sraithe sinsearaí do Leibhéal 1 agus Leibhéal 2, an chéad soláthar curaclaim riamh ar an leibhéal seo do chéim oideachais na sraithe sinsearaí.

Ina theannta sin, leanamar orainn ag soláthar réimse tacaíochtaí praiticiúla ar líne do theagasc, foghlaim agus measúnú, lena n áirítear samplaí d'oideolaíocht san oideachas luath óige agus bunscoile; samplaí de phíosaí oibre an scoláire laistigh d'ábhair na sraithe sóisearaí; treoirlínte maidir le teagasc agus foghlaim i scoileanna cúraim agus coinneála; acmhainní chun tuairisciú a dhéanamh do thuismitheoirí; agus liostaí téacsanna do Ghaeilge na Sraithe Sóisearaí agus Béarla na hArdteistiméireachta.

Leis an ngrafaic faisnéise a chuirtear i láthair ar leathanaigh 16–17, léirítear tiomantas láidir CNCM chun comhairle a cheapadh atá bunaithe ar fhianaise agus faoina bhfuil rannpháirteachas leathan leis na páirtithe leasmhara mar bhonn eolais. I gclár oibre 2023, tarraingíodh ar réimse leathan taighde. Mar chuid de sin, áiríodh sraith athbhreithnithe litríochta ar réimsí churaclam na bunscoile, taighde ar chultúr agus stair an Lucht Siúil, agus tuarascálacha ón dá staidéar fhadaimseartha de chuid na Comhairle ina ndírítear ar thaithí na bpáistí ar eispéireas na bunscoile agus ar thaithí na n-iar-bhunscoileanna ar an gCreat don tSraith Shóisearach.

Le Spriocanna Straitéiseacha 1 agus 2, soláthraítear achoimre ar scála agus ilghnéitheacht na hoibre a dhéanaimid le scoileanna, le suíomhanna agus le páirtithe leasmhara níos leithne. Tharla an dlúthobair a rinneamar le scoileanna—le múinteoirí, páistí/scoláirí, ceannairí scoile agus tuismitheoirí—trínár rannpháirteachas leanúnach leis an bhFóram Scoileanna agus trí chuid mhór cuairteanna scoile, timpeall na tíre, rud a chuir ar ár gcumas a bheith ag éisteacht agus ag foghlaim go pearsanta ó thaithí scoileanna ar an gcuraclam. I dteannta na 17 gcomhairliúchán phoiblí, d'fhiosraíomar príomhsmaointe maidir leis an gcuraclam agus le measúnú trí sheimineáir i bpearsa agus ar líne, agus trí idirchaidreamh a dhéanamh agus dul i gcomhairle le réimse eagraíochtaí agus ranna rialtais. Gabhaimid buíochas ó chroí leis na scoileanna, leis na suíomhanna luathóige, leis na heagraíochtaí agus leis na daoine aonair, agus bhí cuid mhór díobh ann, a chuir an t-am i leataobh chun plé a dhéanamh linn agus chun dréachtsonraíochtaí curaclaim a léamh, machnamh a dhéanamh orthu agus a dtuairimí a chomhroinnt ina leith. Is mór againn an spéis atá agaibh inár gcuid oibre, agus tá tábhacht le bhur nglórtha agus le bhur bpeirspictíochtaí atá mar bhonn eolais faoin gcomhairle a thugann an Chomhairle don Aire.

Tá dea-rialachas corparáideach mar bhonn taca faoi obair CNCM. Cuirtear i láthair le Cumasóirí Straitéiseacha 1–4 ar leathanaigh 25–29 raon agus scála ár gcuid oibre rialachais in 2023. Ag cur leis an méid a d'fhoghlaimíomar ó chianobair le linn COVID, chuireamar ár gcéad bheartas um obair chumaisc i bhfeidhm agus d'infheistíomar cuid mhór ama chun ár riachtanais athraitheacha oifige a mheas i mBaile Átha Cliath agus i bPort Laoise agus chun lóistín nua oiriúnach a fháil. De bharr scála na hoibre forbartha a rinneamar ar churaclam agus ar mheasúnú, bhí éilimh mhéadaithe riaracháin ann lenar thacaigh an Fhoireann Seirbhísí Corparáideacha. Taobh leis seo, lean oibríochtaí ó lá go lá ar aghaidh faoi lánluas i réimsí amhail airgeadas, tuairisciú seachtrach, acmhainní daonna, seirbhís do chustaiméirí, cothabháil oifigí, agus sláinte agus sábháilteacht. Tá an Ráiteas ar Rialú Inmheánach, an Tuarascáil ar Nochtadh Cosanta, agus ceanglais eile a ghabhann le tuarascálacha bliantúla mar atá leagtha amach sa *Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016*, ar fáil mar aguisíní.

Bhí an obair faoinar thug an fhoireann i rith na bliana faoi threoir Phlean Oibre 2023 agus threo straitéiseach na Comhairle. Ina theannta sin, thacaigh comhaltaí na mbord ionadaíoch agus na meithleacha forbartha, agus na meithleacha comhairleacha leis an bhFeidhmeannas ar fud an iliomad tionscadal agus réimsí oibre. Is mian liom aitheantas a thabhairt chomh maith do thacaíocht oifigigh na Roinne Oideachais agus oifigigh na Roinne Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige. Chuir an méid sin uile go mór leis an smaointeoireacht, leis na comhráite agus leis an gcíoradh a mhúnlaigh comhairle CNCM maidir le curaclam agus measúnú in 2023.

Mar fhocal scoir, is mian liom buíochas ollmhór a ghabháil le mo chuid comhghleacaithe, Feidhmeannas CNCM. Leanann comhghleacaithe ar fud na heagraíochta de bheith ag comhroinnt a gcuid ardinniúlachta agus saineolais, agus iad ag léiriú ardleibhéil fuinnimh, gastachta agus cruthaitheachta, chumas teacht aniar agus ceannaireachta, agus tiomantas ollmhór dá gcuid oibre. Is éard atá mar bhonn taca faoi sin uile an tiomantas comhairle ardcháilíochta a fhorbairt maidir le curaclam agus measúnú atá ionchuimsitheach agus fianaisebhunaithe, agus a thacaíonn le gach duine óg dul chun cinn a dhéanamh i réimsí uilig a chuid foghlama agus forbartha.




Arlene Forster
An Príomhfheidhmeannach








PRÓISEAS FORBARTHA CURACLAIM CNCM 2023
9 GCRUINNIÚ COMHAIRLE
9 GCRUINNIÚ LUATH ÓIGE UM FHORBAIRT AISTEAR
17 GCRUINNIÚ DE BHOIRD NA LUATH-ÓIGE AGUS NA BUNSCOILE, NA SRAITHE SÓISEARAÍ AGUS NA SRAITHE SINSEARAÍ
AISEOLAS
SMAOINTE
AG ÉISTEACHT
DÍOSPÓIREACHT
63 CRUINNIÚ MAIDIR LE FORBAIRT ÁBHAR BUNSCOILE
17 GCRUINNIÚ TRASEARNÁLA UM FHORBAIRT ÁBHAIR DE CHUID NA SRAITHE SINSEARAÍ
17 GCOMHAIRLIÚCHÁN
1,298 SCOLÁIRE
3,187 MÚINTEOIR
5,398 TUISMITHEOIR
79 SCOIL
LÍONRÚ LE 133 SCOIL
13 FHOILSEACHÁN TAIGHDE
79 FÓCASGHRÚPA DE THUISMITHEOIRÍ AGUS MÚINTEOIRÍ
TUARASCÁIL AR SHEIRBHÍSÍ CORPARÁIDEACHA
INIÚCHADH INMHEÁNACH 3 MHÍ: COISTE INIÚCHÓIREACHTA AGUS RIOSCA. CIR & CR
8 MBALL FOIRNE NUA IONDUCHTAITHE
129 CRUINNIÚ CURTHA IN ÁIRITHE
INIÚCHADH SEACHTRACH 30 LÁ OIFIG AN ARD-REACHTAIRE CUNTAS AGUS CISTE
CUNTAIS PRÓISEÁILTE:
1,717 ORDÚ CEANNAIGH
1,158 ÉILEAMH T&C
136 COIMISIÚN AGUS
55 DEONTAS SCOILE
91,056 LEATHANACH CLÓITE

## 2. Dul chun cinn ar obair CNCM in 2023

### Sprioc Straitéiseach 1 – Curaclam agus Measúnacht

Forbróimid curaclam agus measúnú atá nuálach agus ábhartha ar mhaithe le hionchuimsiú, rannpháirteachas, cáilíocht, dul chun cinn, agus leanúnachas ar fud na n earnálacha agus ar fud aistrithe oideachais. Cuirfimid oideolaíochtaí éifeachtacha chun cinn agus léireoimid iad chun tacú le gach duine óg mar fhoghlaimeoirí atá gafa agus gníomhach trí dheiseanna maidir le rogha agus cinnteoireacht a chur ar fáil dóibh. Déanfaimid ailíniú ar oideolaíocht agus measúnacht le cuspóirí curaclaim, agus tabharfaimid tacaíocht do thuairisciú lena léirítear réimse dul chun cinn agus éachtaí daoine óga.

| Torthaí an Phlean Straitéisigh | Dul Chun Cinn in 2023 |
|---|---|
| **SS.1** *Aistear: Creatchuraclam na Luath Óige* a nuashonrú, ag áirithiú a thacaíochta leanúnaí le haghaidh eispéiris ardchaighdeáin foghlama do pháistí ar feadh a mblianta luath óige agus ag cumasú comhleanúnachas cuí leis an gcuraclam bunscoile athfhorbartha. | • Foilsíodh tograí chun *Aistear* a nuashonrú<br>• Cuireadh i gcrích comhairliúchán Chéim 2 maidir le tograí le haghaidh *Aistear* nuashonraithe |
| **SS1.2** Tionscnamh Náisiúnta Aistear Síolta a neartú agus tacú leis go gníomhach, agus tagairt ar leith á déanamh do Threoir Chleachtais Aistear Síolta ar líne. | • Foilsíodh ábhair bhreise do Threoir Chleachtais *Aistear Síolta* agus béim iontu ar aois na breithe go 3 bliana, ar chomhpháirtíochtaí le tuismitheoirí, ar phleanáil agus measúnú, agus ar éagsúlacht agus ionchuimsiú<br>• Rinneadh athbhreithniú agus nuashonrú ar ábhair tacaíochta Ghaeilge do Threoir Chleachtais *Aistear Síolta* |
| **SS1.3** *Creatchuraclam na Bunscoile* a chur i gcrích agus an curaclam do bhunscoileanna agus scoileanna speisialta a athfhorbairt, ag áirithiú a thacaíochta leanúnaigh d'eispéiris agus torthaí teagaisc, foghlama agus measúnachta ar ardchaighdeán. | • Foilsíodh *Creatchuraclam na Bunscoile*<br>• Cuireadh *Curaclam Matamaitice na Bunscoile* i gcrích agus foilsíodh é<br>• Rinneadh dul chun cinn ar dhréachtsonraíocht d'Oideachas Ealaíon<br>• Rinneadh dul chun cinn ar dhréachtsonraíocht do Churaclam Teanga na Bunscoile – lena n áirítear dul chun cinn ar dhréachtsonraíocht do Nuatheangacha Iasachta (MFL)<br>• Rinneadh dul chun cinn ar dhréachtsonraíocht d'Oideachas Eolaíochta, Teicneolaíochta agus Innealtóireachta<br>• Rinneadh dul chun cinn ar dhréachtsonraíocht d'Oideachas Sóisialta agus Imshaoil<br>• Rinneadh dul chun cinn ar dhréachtsonraíocht don Fholláine |
| **SS1.4** Athbhreithniú agus nuashonrú a dhéanamh ar an treoir oideolaíochta agus ar shocruithe measúnachta agus tuairiscithe chomh maith do bhunscoileanna agus scoileanna speisialta i bhfianaise churaclam athfhorbartha na bunscoile. | • Forbraíodh agus foilsíodh acmhainn físeáin do thuismitheoirí agus do pháistí chun tacú le tuairisciú i mbunscoileanna agus i scoileanna speisialta |



| Torthaí an Phlean Straitéisigh | Dul Chun Cinn in 2023 |
|---|---|
| **SS1.5** Tacú le hiar-bhunscoileanna trí úsáid a bhaint as an gCreat don tSraith Shóisearach mar bhunús chun a gcláir don tsraith shóisearach a phleanáil agus a chur i bhfeidhm, agus chun forbairtí a eascraíonn as an athbhreithniú ar an tsraith shinsearach a chur i bhfeidhm. | • Cuireadh athbhreithniú i gcrích ar luath-achtú Nuatheangacha (an Fhraincis, an Ghearmáinis, an Spáinnis, an Iodáilis) agus Amharc Ealaín na Sraithe Sóisearaí<br>• Cuireadh athbhreithniú i gcrích ar Inniúlacht ar na Meáin Dhigiteacha, ar Chódú agus ar Ghearrchúrsaí Sínise ag leibhéal na Sraithe Sóisearaí<br>• Rinneadh dul chun cinn ar ghníomhartha a d'eascair as athbhreithniú luath-achtaithe a dhéanamh ar Ghaeilge T1 agus T2 na Sraithe Sóisearaí<br>• Foilsíodh leagan nuashonraithe de churaclam OSPS na Sraithe Sóisearaí<br>• Foilsíodh 135 uair an chloig de churaclam Corpoideachais na Sraithe Sóisearaí<br>• Foilsíodh Gearrchúrsa Staire na Sraithe Sóisearaí (Leibhéal 2)<br>• Athbhreithniú ar luath-achtú Chláir Foghlama Leibhéal 1 agus 2<br>• Bunaíodh Líonra Corpoideachais chun monatóireacht a dhéanamh ar fhorfheidhmiú na sonraíochta 135 uair an chloig do Chorpoideachas na Sraithe Sóisearaí. |
| **SS1.7** Treoraithe ag cuspóir agus fís shoiléir, an tsraith shinsearach a athfhorbairt chun bealaí foghlama níos éagsúla a chur ar fáil chomh maith le níos mó rogha agus solúbthachta le haghaidh dul chun cinn do gach scoláire. | • Cuireadh i gcrích comhairliúchán ar an gCáipéis Eolais le haghaidh athfhorbairt mhodúil na sraithe sinsearaí do scoláirí atá i mbun CFL1anna/CFL2anna na Sraithe Sóisearaí faoi láthair<br>• Rinneadh dul chun cinn ar dhréachtmhodúil na sraithe sinsearaí (Uimhearthacht; Cumarsáid agus Litearthacht) do scoláirí a bhfuil rochtain acu ar Chláir Foghlama Leibhéal 1 (CFL1anna) agus Cláir Foghlama Leibhéal 2 (CFL2anna) sa tsraith shóisearach<br>• Rinneadh dul chun cinn ar Ráiteas Cláir do scoláirí atá ag tabhairt faoi CFL1anna agus CFL2anna ag leibhéal na sraithe sinsearaí |
| **SS1.9** Athbhreithniú agus nuashonrú a dhéanamh, mar is cuí, ar na sonraíochtaí curaclaim agus measúnachta atá ann cheana, agus sonraíochtaí curaclaim agus measúnachta nua a fhorbairt mar fhreagairt ar na riachtanais shainaitheanta agus ar na riachtanais bheartais. | • Forbraíodh sonraíochtaí curaclaim athbhreithnithe d'Araibis, Sean Ghréigis agus Laidin na hArdteistiméireachta agus cuireadh ar fáil iad le haghaidh comhairliúcháin<br>• Forbraíodh sonraíochtaí curaclaim athbhreithnithe d'Fhisic, Ceimic, Bitheolaíocht agus Gnó na hArdteistiméireachta agus cuireadh ar fáil iad le haghaidh comhairliúcháin<br>• Rinneadh dul chun cinn ar shonraíochtaí curaclaim d'ábhair nua na hArdteistiméireachta, sin iad Gníomhú ar son na hAeráide agus Forbairt Inbhuanaithe, agus Drámaíocht, Amharclannaíocht agus Scannánaíocht<br>• Forbraíodh sonraíocht churaclaim do OSPS na sraithe sinsearaí agus cuireadh ar fáil í le haghaidh comhairliúcháin<br>• Forbraíodh Ráiteas Nua do Chlár na hIdirbhliana agus cuireadh ar fáil é le haghaidh comhairliúcháin<br>• Cuireadh athbhreithniú luathléargais ar Ríomheolaíocht agus Corpoideachas na hArdteistiméireachta i gcrích |
| **SS1.10** An fócas ar oideolaíochtaí éifeachtacha agus a gcur chun cinn a neartú chun tacú le dul chun cinn foghlama do gach páiste agus duine óg. | • Cuireadh síneadh le Sraith Uirlisí Teanga na Bunscoile chun tacú le forfheidhmiú *Churaclam Teanga na Bunscoile*<br>• Foilsíodh Contanaim Dul Chun Cinn agus ábhair tacaíochta mar chuid de Shraith Uirlisí Mhatamaitic na Bunscoile |

| Torthaí an Phlean Straitéisigh | Dul Chun Cinn in 2023 |
|---|---|
| **SS1.11** Comhairle maidir le curaclam agus measúnacht a fhorbairt lena ndéantar oideachas ionchuimsitheach a chur chun cinn go gníomhach agus lena dtacaítear go gníomhach leis sin, rud a léiríonn do gach páiste agus duine óg go bhfuil meas orthu, a spreagann iad agus a chinntíonn go bhfuil siad sásta maidir leis an taithí atá acu ar an bhfoghlaim. | • Cuireadh síneadh, athbhreithniú agus monatóireacht ar shraith straitéisí OSPS ar líne i gcrích<br>• Foilsíodh treoirlínte a thacaíonn le teagasc agus foghlaim i scoileanna cúraim agus coinneála<br>• Foilsíodh tuarascáil taighde ar chultúr agus stair an Lucht Siúil<br>• Athbhreithníodh agus foilsíodh liostaí téacsanna do Bhéarla na hArdteistiméireachta<br>• Athbhreithníodh agus foilsíodh liosta téacsanna do Ghaeilge na Sraithe Sóisearaí (Teanga 1 agus Teanga 2)<br>• Cuireadh tús le hathbhreithniú ar liosta litríochta do Ghaeilge na hArdteistiméireachta |
| **SS1.12** Samplaí d'fhoghlaim na bpáistí, a bhfuil a gcáilíocht dearbhaithe, a fhorbairt agus a fheabhsú a thuilleadh ina léirítear na hionchais le haghaidh foghlaimeoirí agus a chuireann le tuiscint chomhroinnte ar dhul chun cinn foghlama ag leibhéal na bunscoile. | • Dearbhaíodh an cháilíocht a bhain le samplaí d'fhoghlaim na bpáistí mar chuid de Shraith Straitéisí Teangacha na Bunscoile, agus foilsíodh iad |
| **SS1.13** Samplaí d'obair an scoláire, a bhfuil a cáilíocht dearbhaithe, ina léirítear ionchais an scoláire agus lena gcuirtear le tuiscint chomhroinnte ar chaighdeáin ar fud na sraithe sóisearaí a fhorbairt agus a fheabhsú a thuilleadh. | • Bailíodh samplaí d'fhoghlaim an scoláire i réimse ábhar den tsraith shóisearach, dearbhaíodh an cháilíocht a bhain leo, agus foilsíodh iad ar curriculumonline.ie<br>• Bailíodh samplaí breise d'fhoghlaim an scoláire ar fud réimse ábhar den tsraith shóisearach |

## Sprioc Straitéiseach 2 – Rannpháirteachas agus Comhoibriú

Oibreoimid le múinteoirí, le cleachtóirí, le páistí, le scoláirí agus leis na comhpháirtithe san oideachas, agus tabharfaimid tacaíocht dóibh, le bonn eolais a chur faoi fhorbairt agus forfheidhmiú an churaclaim agus measúnaithe, leis an gcumas chun athrú a chothú, agus le bealaí chun oibriú le chéile a shamhaltú. Trí rannpháirteachas agus comhoibriú, imreoimid tionchar ar eolas nua faoi phróisis churaclaim, mheasúnaithe, agus forfheidhmithe, agus ginfimid is comhroinnfimid eolas den chineál sin. Tacóimid le cleachtais teagaisc, foghlama agus measúnaithe atá bunaithe ar fhianaise.

| Torthaí an Phlean Straitéisigh | Dul Chun Cinn in 2023 |
|---|---|
| **SS2.1** Oibriú le comhpháirtithe san oideachas, seirbhísí tacaíochta, agus institiúidí breisoideachais agus ardoideachais a sholáthraíonn cláir oideachais do luathbhlianta agus oiliúint tosaigh múinteoirí chun acmhainn a fhorbairt le haghaidh athrú curaclaim ar fud an chórais oideachais. | • Tionóladh Seimineáir Athshamhlaithe Curaclaim chun bonn eolais a chur faoi fhorbairt sonraíochtaí curaclaim mar chuid d'athfhorbairt Churaclam na Bunscoile<br>• Tionóladh Seimineár maidir le Comhtháthú, Oideolaíocht agus Measúnúnacht i gcomhar le páirtithe leasmhara<br>• Tionóladh imeacht maidir le hathfhorbairt Churaclam na Bunscoile chun tacú le forbairt acmhainne laistigh d'Oiliúint Tosaigh Múinteoirí agus de na seirbhísí tacaíochta<br>• Tionóladh cruinnithe leis an bhFóram Scoileanna |



| Torthaí an Phlean Straitéisigh | Dul Chun Cinn in 2023 |
|---|---|
| **SS2.2** A áirithiú go mbeidh glórtha agus eispéiris éagsúla páistí, daoine óga agus pobal mar chuid den phlé agus den chomhairliúchán a dhéantar ar fhorbairtí sa churaclam agus sa mheasúnú. | • Cuireadh i gcrích an comhairliúchán le páistí i gcomhar le Hub na nÓg ar fhorbairt shonraíochtaí churaclam na bunscoile d'Fholláine agus d'Oideachas Sóisialta agus Imshaoil |
| **SS2.3** Idirchaidreamh a dhéanamh agus comhoibriú le réimse eagraíochtaí agus ranna rialtais chun forbairtí a ailíniú agus chun tacú le cur chuige comhleanúnach maidir le forfheidhmiú curaclaim. | • Rinneadh dul chun cinn ar chomhoibriú le heagraíochtaí agus ranna comhpháirtíochta sa Tionscnamh Náisiúnta Aistear Síolta maidir le treo straitéiseach an tionscnaimh<br>• Tacaíocht tugtha d'obair an Aonaid Beartas um Oideachas sna Luathbhlianta agus na Cigireachta Luathbhlianta<br>• Tacaíodh le hobair Mheitheal Stiúrtha Náisiúnta na Roinne Oideachais/na Roinne Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige um Thionscnamh *Síolta Aistear* agus lena struchtúir<br>• Obair le comhpháirtithe oideachais agus príomhpháirtithe leasmhara eile maidir le coinníollacha a chur chun cinn chun athrú curaclaim a chumasú ag leibhéal bunscoile tugtha chun cinn<br>• Tacaíodh le hobair Choiste Stiúrtha na Roinne Oideachais um Churaclam na Bunscoile agus le hobair na Meithle Teicniúla<br>• Tacaíodh le hobair Choistí Comhairleacha Náisiúnta an Fhorais Taighde ar Oideachas maidir le PIRLS, TIMSS, PISA agus maidir le Measúnuithe Náisiúnta<br>• Tacaíodh le hobair Choiste Comhairleach na Roinne Oideachais le haghaidh an Bheartais um Oideachas Gaeltachta, agus le hobair an Choiste Stiúrtha um oideachas trí mheán na Gaeilge lasmuigh de cheantair Ghaeltachta<br>• Tacaíodh le hobair struchtúir na Roinne Oideachais um Athfhorbairt na Sraithe Sinsearaí<br>  • Grúpa Forfheidhmithe um Athfhorbairt na Sraithe Sinsearaí<br>  • Fóram Comhpháirtithe um Athfhorbairt na Sraithe Sinsearaí<br>  • Bord Soláthair an Chláir um Athfhorbairt na Sraithe Sinsearaí<br>• Tionóladh cruinnithe de chuid CNCM/Bhuanghrúpa agus fhoghrúpa Choimisiún na Scrúduithe Stáit<br>• Tionóladh cruinnithe de chuid CNCM/Bhuanghrúpa agus fhoghrúpaí SOLAS |
| **SS2.4** Tacú le tionscnaimh taighde, churaclaim agus mheasúnachta, agus páirt a ghlacadh iontu, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta, trí chomhoibriú straitéiseach le gníomhaireachtaí, eagraíochtaí agus líonraí eile. | • Freastalaíodh ar Thimpeallán Eolais, Cruinnithe Saineolaithe, Comhdháil agus Comhthionól Ginearálta de chuid CIDREE<br>• Rinneadh dul chun cinn maidir le comhoibriú le comhpháirtithe chun tacú le *Teacher Research Exchange* (T REX) |

| Torthaí an Phlean Straitéisigh | Dul Chun Cinn in 2023 |
|---|---|
| **SS2.5** Tacú le cumas na scoileanna agus na suíomhanna athrú i leith curaclaim agus measúnachta a fhorbairt, a thabhairt isteach agus a chur i bhfeidhm. | • Rinneadh dul chun cinn maidir le rannpháirteachas dlúth leis an bhFóram Scoileanna ar shonraíochtaí curaclaim a fhorbairt mar chuid de Churaclam Athfhorbartha na Bunscoile<br>• Rannpháirteachas dlúth le hiar-bhunscoileanna tríd an tsnáithe scoilbhunaithe den chomhairliúchán ar athbhreithnithe uile na sraithe sóisearaí agus ar fhorbairtí curaclaim agus measúnachta uile na sraithe sinsearaí |

## Sprioc Straitéiseach 3 – Eolas agus Taighde

Déanfaimid fianaise taighde atá mionchúiseach agus láidir a ghiniúint, a úsáid agus a scaipeadh chun tacú le comhairle agus cleachtas maidir le curaclam agus measúnacht a fhorbairt sna suíomhanna oideachais uile. Trí dhearadh taighde, beimid i dteagmháil le héagsúlacht na bpáirtithe leasmhara sa chóras oideachais, lena n áirítear páistí, scoláirí, tuismitheoirí, múinteoirí/cleachtóirí agus ceannairí scoile, ar bhealaí dílse, comhoibríocha agus fiúntacha. Comhroinnfimid taighde chun an dioscúrsa maidir le hábhair a bhaineann lenár gcomhairle churaclaim agus mheasúnachta a spreagadh, agus chun eolas a dhéanamh dó. Cuirimid le forbairt acmhainne i dtaighde ar fud an chórais oideachais.

| Torthaí an Phlean Straitéisigh | Dul Chun Cinn in 2023 |
|---|---|
| **SS3.1** Fianaise taighde a úsáid, lena n áirítear torthaí ó thaighde fadaimseartha agus ó phróisis chomhairliúcháin, chun eolas a dhéanamh d'fhorbairtí curaclaim agus measúnachta. | • Tugadh tuarascálacha ilchodacha maidir leis na Seimineáir Athshamhlaithe Curaclaim chun críche<br>• Leanadh den rannpháirteachas leis an bPainéal Comhairleach (Bunscoil) ar athfhorbairt churaclam na bunscoile<br>• Leanadh den rannpháirteachas leis an bPainéal Comhairleach (Iar-bhunscoil) ar athfhorbairt na sraithe sinsearaí |
| **SS3.2** Straitéis Taighde 2023–2026 a fhoilsiú agus agus a chur i bhfeidhm. | • Foilsíodh Straitéis Taighde 2023–2026 agus cuireadh i bhfeidhm í |
| **SS3.3** Torthaí an taighde a dhéanaimid a scaipeadh, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta, chun bonn eolais a chur faoi dhíospóireacht agus plé a spreagadh. | • Foilsíodh tuarascáil chomhairliúcháin le babaithe, naíonáin agus páistí óga maidir le nuashonrú a dhéanamh ar Chéim 1 de *Aistear*<br>• Foilsíodh tuarascáil ar chomhairliúchán iomlán ar Chéim 1 de nuashonrú *Aistear*<br>• Foilsíodh tuarascálacha ar chomhairliúchán le páistí maidir le gnéithe an Oideachais ETIM agus an Oideachais Ealaíon i gCuraclam Athfhorbartha Bunscoile<br>• Foilsíodh Tuarascálacha 5 agus 6 ón staidéar fadaimseartha Saol Scoile Páistí<br>• Foilsíodh tuarascáil ar an gcomhairliúchán le páistí maidir le Matamaitic a fhoghlaim sa bhunscoil<br>• Foilsíodh tuarascálacha comhairliúcháin ar *Dhréachtchuraclam Matamaitice na Bunscoile*<br>• Foilsíodh athbhreithniú litríochta d'Oideachas Ealaíon i gCuraclam athfhorbartha Bunscoile<br>• Foilsíodh athbhreithniú litríochta d'Oideachas ETIM i gCuraclam athfhorbartha na Bunscoile |



| Torthaí an Phlean Straitéisigh | Dul Chun Cinn in 2023 |
|---|---|
| | • Foilsíodh athbhreithniú litríochta d'Fholláine i gCuraclam athfhorbartha na Bunscoile<br>• Foilsíodh tuarascáil ar an gcomhairliúchán ar dhréachtsonraíochtaí churaclam Gaeilge na hArdteistiméireachta (Teanga 1 agus Teanga 2)<br>• Foilsíodh tuarascáil ar an athbhreithniú luath-achtaithe ar shonraíochtaí churaclam Gaeilge na Sraithe Sóisearaí (Teanga 1 agus Teanga 2)<br>• Cuireadh tús le taighde ar mhúnlaí soláthair agus ar chreataí a úsáideadh chun bonn eolais a chur faoi churaclaim a fhorbairt do theangacha dúchais chun bonn eolais a chur faoin obair ar Ghaeilge na hArdteistiméireachta<br>• Foilsíodh tuarascáil ar thaighde chun tacú le hobair ar liostaí téacsanna a fhorbairt |
| **SS3.4** Rochtain, comhroinnt agus ceistiú torthaí taighde agus eolas nua a chur chun cinn i measc bhaill foirne agus chomhaltaí struchtúir CNCM mar dhlúthchuid dá gcuid oibre. | • Tionóladh Lá Taighde do Bhaill Foirne<br>• Tionóladh Spotsolas Taighde do bhaill foirne<br>• Soláthraíodh acmhainní chun tacú le rannpháirteachas fhoireann CNCM le bunachar sonraí EBSCO<br>• Rinneadh iniúchadh ar leabharlann CNCM agus forbraíodh straitéis le haghaidh aistriú chuig ríomh leabharlann |





## Cumasóir Straitéiseach 1 – Daoine agus Cultúr Eagraíochtúil

Tá foireann agus cultúr eagraíochtúil CNCM lárnach d'fhorfheidhmiú na straitéise seo. Cuirfimid áit oibre bhríomhar, dhearfach agus shábháilte ar fáil inar féidir le daoine a ndícheall a dhéanamh, ag oibriú as lámh a chéile agus ag oibriú go cruthaitheach le daoine eile chun tacú lenár spriocanna straitéiseacha.

| Torthaí an Phlean Straitéisigh | Dul Chun Cinn in 2023 |
|---|---|
| **CS1.1** Straitéis Daoine a fhorbairt chun na cleachtais dhearfacha agus thacúla lenar féidir linn uile ár ndícheall a dhéanamh agus cur le háit oibre bhríomhar agus éifeachtach a léiriú agus a fhorbairt a thuilleadh. | • Leanadh den obair ar Straitéis Daoine tar éis forfheidhmiú athruithe a d'eascair as an athbhreithniú eagraíochtúil |
| **CS1.2** Socruithe maidir le hobair chumaisc a chur i bhfeidhm lena gcuirtear leis an eispéireas COVID, lena dtacaítear le spriocanna straitéiseacha CNCM agus lena léirítear beartais agus treoirlínte náisiúnta. | • Rinneadh píolótú rathúil ar an mbeartas |
| **CS1.3** Leanúint de bheith ag cothú cultúr foghlama agus forbartha, arna éascú ag Bainistíocht agus Forbairt Feidhmíochta (BFF), lena spreagtar agus lena dtacaítear le baill foirne a gcuid inniúlachtaí, eolais agus saineolais a fhorbairt agus a chomhroinnt ón ionduchtú ar aghaidh. | • Tugadh tacaíocht leanúnach do FGL na foirne agus roinnt mhaith baill foirne ag tabhairt faoi staidéar breise suas go leibhéal dochtúireachta<br>• Tugadh tacaíocht leanúnach d'fhorbairt na mball foirne trí mheán BFF in 2023 |
| **CS1.4** Tacú le folláine agus í a chur chun cinn in CNCM, lena n áirítear folláine na bhfostaithe, trí mhachnamh agus rannpháirteachas leanúnach. | • Soláthar leanúnach seirbhísí tacaíochta d'fhostaithe<br>• Chumasaigh agus spreag cruinnithe foirne agus cruinnithe foirne iomlána idirghníomhú foirne agus cuireadh caidrimh shóisialta chun cinn i dtimpeallacht oibre chumaisc |
| **CS1.5** Cur le torthaí Shuirbhé Rannpháirtíochta Fhostaithe na Státseirbhíse 2020 chun cultúr dearfach, ionchuimsitheach, agus tacúil de chuid áit oibre CNCM a fheabhsú, i dtimpeallacht atá bunaithe ar chóimheas ina n airíonn gach duine ar a chompord agus cumasaithe chun cur lena áit oibre agus laistigh di. | • Ghlac CNCM páirt i Suirbhé Rannpháirtíochta Fhostaithe na Státseirbhíse 2023 agus bhain sé ráta rannpháirtíochta breis is 86% amach, ráta a chur an eagraíocht sa Deich nEagraíocht is fearr le haghaidh rannpháirtíochta; beidh torthaí ar fáil i lár 2024 |
| **CS1.6** Foireann CNCM a fhorbairt, lena n áirítear bainisteoirí daoine, ar feadh a ngairme CNCM uile, chun na scileanna ceannaireachta agus bainistíochta a shealbhú atá riachtanach chun CNCM a chothú agus é i mbun a chuid oibre agus chun a gcuid eolais a chomhroinnt le comhghleacaithe, ag áirithiú leanúnachais mar thoradh. | • Le Bainistíocht agus Forbairt Feidhmíochta, tugadh tacaíocht leanúnach do bhainisteoirí i dteannta deiseanna um fhorbairt ghairmiúil leanúnach |

## Cumasóir Straitéiseach 2 – Rialachas

Forbróimid struchtúir rialachais agus eagraíochta, próisis, scileanna agus inniúlachtaí de chuid CNCM go héifeachtach chun tacú leis na trí sprioc straitéiseacha a bhaint amach agus chun comhlíonadh an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) á áirithiú.

| Torthaí an Phlean Straitéisigh | Dul Chun Cinn in 2023 |
|---|---|
| **CS2.1** Tacú le hobair na Comhairle, an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca, an Choiste Rialachais agus le hobair de chuid struchtúir eile. | • Tacaíodh le naoi gcruinniú den Chomhairle, ocht gcruinniú den Choiste Iniúchóireachta agus Riosca agus sé chruinniú den Choiste Rialachais i dteannta Boird agus Meithleacha Forbartha |
| **CS2.2** Athbhreithniú a dhéanamh ar éifeachtacht struchtúir eagraíochtúla agus cumasaithe agus na torthaí a chur i bhfeidhm. | • Leanadh den dul chun cinn maidir le hathruithe a bhreithniú agus a chur i bhfeidhm tar éis athbhreithniú eagraíochtúil<br>• Cuireadh i gcrích athbhreithniú inmheánach ar éifeachtacht na Comhairle |
| **CS2.3** An Creat Rialachais Chorparáidigh agus beartais ghaolmhara a choinneáil agus a fhorbairt tuilleadh. | • Rinneadh athbhreithniú ar bheartais ar bhonn rialta agus nuashonraíodh iad nuair ba ghá |
| **CS2.4** Beartais agus nósanna imeachta iomchuí um bainistíochta riosca a choinneáil i gcomhréir le hinghlacthacht riosca na Comhairle. | • Bhí riosca fós ina phríomh-mhír ar chláir oibre an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca agus na Comhairle agus coimeádadh faoi athbhreithniú rialta é |
| **CS2.5** Córais láidre airgeadais agus rialuithe inmheánacha a chothú agus a fhorbairt a thuilleadh, ag soláthar Ráitis Airgeadais iniúchta de réir na spriocdhátaí riachtanacha agus na gcaighdeán riachtanach. | • Baineadh amach na spriocdhátaí uile agus/nó sáraíodh iad |
| **CS2.6** Cloí le treoirlínte maidir le soláthar poiblí agus úsáid bhreithnithe timpeallachta agus sóisialta i soláthar poiblí a chur chun cinn. | • Forbraíodh an chéad Treochlár um Ghníomhú ar son na hAeráide do CNCM agus d'fhormheas an Chomhairle é |
| **CS2.7** Na ceanglais dhlíthiúla agus reachtúla uile a bhaineann leis an eagraíocht a chomhlíonadh. | • Comhlíonadh na hoibleagáidí dlí agus reachtúla uile |
| **CS2.8** Seirbhís custaiméara a chothú agus a fhorbairt a thuilleadh, go hinmheánach agus go seachtrach araon, chun freastal ar riachtanais na ndaoine sin a idirghníomhaíonn linn agus leis an bpobal trí chéile. | • Freagraíodh ceisteanna seachtracha agus inmheánacha |





## Cumasóir Straitéiseach 3 – Teicneolaíocht Faisnéise agus Chumarsáide

Leanfaimid orainn ag infheistiú i dTeicneolaíocht Faisnéise agus Chumarsáide agus á húsáid chun infreastruchtúr tábhachtach a sholáthar a thacaíonn le forfheidhmiú an phlean straitéisigh. Teastaíonn cothú, athbhreithniú agus nuashonrú leanúnach ón timpeallacht fhíorúil ina gcuirtear cuid mhór dár n obair chun cinn ionas go n áiritheofar go ndéanfar bainistíocht éifeachtach ar shonraí agus córais, agus é á chur ar chumas ár bhfoirne a dícheall a dhéanamh agus fís agus misean CNCM a bhaint amach.

| Torthaí an Phlean Straitéisigh | Dul Chun Cinn in 2023 |
|---|---|
| **CS3.1** Úsáid a bhaint as TFC go nuálach chun cumarsáid agus abhcóideacht leis an bpobal a leathnú agus a fheabhsú agus chun plé agus rannpháirteachas a spreagadh in obair CNCM.<br><br>**CS3.2** Leas agus úsáid a bhaint as teicneolaíochtaí nua agus teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn chun tacú le forfheidhmiú an churaclaim, agus chun gníomhaíochtaí agus éifeachtúlachtaí oibríochta a fheabhsú, chun críocha cúrsaí slándála, agus chun lorg carbóin CNCM a laghdú. | • Aistríodh córais gutháin deisce chuig réiteach néalbhunaithe chun tacú le hobair chumaisc<br>• Nuashonraíodh prótacail agus beartais slándála Microsoft i gcomhréir le huasghráduithe agus dul chun cinn<br>• Tháinig méadú suntasach ar úsáid PowerApps agus Power Automate chun tacú le táirgiúlacht agus próisis inmheánacha |
| **CS3.3** Muinín agus inniúlacht na foirne a fhorbairt i dtaobh teicneolaíochtaí digiteacha a úsáid. | • Tacaíodh leis an bhfoireann chun teicneolaíochtaí digiteacha a úsáid<br>• Sainaithníodh FGL ábhartha do bhaill foirne chun tacú leis an úsáid a bhaineann siad as teicneolaíochtaí digiteacha |
| **CS3.4** Déantar suíomhanna gréasáin CNCM a nuashonrú agus a choinneáil mar fhreagairt ar riachtanas an chórais, ar aiseolas ó chustaiméirí, ar staitisticí maidir le húsáid gréasáin, ar cheanglais dhlíthiúla, agus ar fhorbairtí atá ag teacht chun cinn ar líne agus sna meáin shóisialta. | • Coinníodh suíomh gréasáin Threoir Chleachtais *Aistear Síolta* www.aistearsiolta.ie) agus tacaíodh leis i gcomhréir lena chomhaontú seirbhíse<br>• Nuashonraíodh an phríomhuirlis pleanála chun Curaclam Matamaitice na Bunscoile a chur san áireamh |



## Cumasóir Straitéiseach 4 – Cumarsáid

Tá ról lárnach ag an gCumarsáid, go hinmheánach agus go seachtrach, in obair CNCM. Bainfimid úsáid as cumarsáid shoiléir agus thráthúil chun cur le muinín an phobail as ár gcuid oibre agus chun an mhuinín sin a choinneáil. Déanfaimid cinnte gurb ann do bhealaí oscailte cumarsáide laistigh den eagraíocht a chuireann le cultúr ina gcuirtear luach ar dhaoine, ina dtugtar meas dóibh, ina bhfuil siad rannpháirteach sa chinnteoireacht, agus ina dtugtar cumhacht dóibh chun tabhairt faoi obair ar ardchaighdeán.

| Torthaí an Phlean Straitéisigh | Dul Chun Cinn in 2023 |
|---|---|
| **CS4.1** Straitéis chumarsáide a fhorbairt agus a fhorfheidhmiú ina bhfuil fócas láidir for rochtana agus ina gcomhtháthaítear cumarsáid ar fud na mbealaí chun teagmháil a dhéanamh le lucht féachana agus chun feasacht phoiblí ar ról CNCM agus ar an gcaoi a dtugann sí faoina chuid oibre a mhéadú. | • Foilsíodh Straitéis Chumarsáide agus Plean Gníomhaíochta a bhí ag gabháil léi<br>• Comhroinneadh trí eagrán den ríomh nuachtlitir info@ncca le síntiúsóirí<br>• Úsáideadh raon d'ardáin mheán chun obair churaclaim agus mheasúnachta CNCM a chomhroinnt agus chun spéis agus rannpháirteachas a spreagadh<br>• Foilsíodh grianghraif de chomhaltaí na Comhairle agus den Fhoireann Ardbhainistíochta ar líne i dteannta athnuachan ar an gcairt eagraíochta ar líne<br>• Foilsíodh ailt faisnéise i bhfoilseacháin oideachais (InTouch agus Leadership +) chun forbairtí a chur in iúl ar fud Oideachas na Luath Óige agus na Bunscoile d'oideoirí, múinteoirí agus ceannairí scoile luath óige |
| **CS4.2** Leas a bhaint as forbairtí i dteicneolaíochtaí digiteacha agus sna meáin dhigiteacha agus chlóite le leathnú a dhéanamh ar chumarsáid inmheánach agus sheachtrach agus lena feabhsú. | • Tá ceadúnas i bhfeidhm le haghaidh aiseolas níos mionsonraithe ar idirghníomhaíocht sheachtrach le cumarsáid CNCM<br>• Cuireadh tús le hobair a chumasóidh daoine eile 'físeáin chineálacha' a chomhroinnt ar fud na n ardán |
| **CS4.3** Saineolas na mball foirne a fhorbairt a thuilleadh i réimse na cumarsáide, lena n áirítear a bheith ag obair leis na meáin. | • Ceapadh Cuideachta Cumarsáide Seachtraí ar bhonn táille áirithíochta chun tacú le cumarsáid sheachtrach CNCM |
| **CS4.4** Leanúint de bheith ag forbairt beartas, córas agus próiseas chun rochtain oscailte ar shonraí ábhartha a sholáthar agus chun monatóireacht a dhéanamh ar a éifeachtaí atá an méid sin. | • Forbraíodh agus foilsíodh Dréachtbheartas um Shonraí Oscailte<br>• Tionscnaíodh pleanáil chun comhaid sonraí oscailte a chur leis an suíomh gréasáin |
| **CS4.5** Aiseolas inmheánach agus seachtrach a bhailiú agus a úsáid chun eolas a dhéanamh do chuir chuige agus do straitéisí cumarsáide éifeachtacha agus chun iad a fheabhsú. | • Bailíodh aiseolas ó shíntiúsóirí na nuachtlitreach info@ncca chun eagráin amach anseo a leasú agus a fheabhsú |

# 3. Maidir le CNCM

Is comhlacht reachtúil í an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta a bhfuil sé mar dhualgas aici comhairle a chur ar an Aire Oideachais faoi churaclam agus faoi mheasúnú don oideachas luathóige, agus do bhunscoileanna agus iar-bhunscoileanna. Cuirtear roinnt faisnéis chúlra faoin gComhairle, a ballraíocht, a struchtúir eagraíochtúla agus a maoiniú reatha ar fáil sa chuid seo den Tuarascáil Bhliantúil.

## Fís

Leagtar amach inár bPlean Straitéiseach do 2022 2025 gurb é an fhís atá againn forbairtí a stiúradh agus a chothú maidir le curaclam agus measúnú atá sách forleathan ionas gur féidir le gach páiste agus scoláire taithí a fháil ar eispéiris atá taitneamhach, tarraingteach, ábhartha agus dúshlánach mar is cóir, agus tairbhe a bhaint astu, chun tacú leo foghlaim, maireachtáil, cúnamh, cúram, agus obair i saol a bhíonn ag athrú i gcónaí.

## Misean

Is é ár misean comhairle a chur ar an Aire Oideachais i dtaobh cúrsaí curaclaim agus measúnachta ón oideachas luath óige go dtí an tsraith shinsearach san iar-bhunscoil

- trí oibriú i gcomhpháirtíocht le páistí, scoláirí, múinteoirí, cleachtóirí, tuismitheoirí, ceannairí scoile, bainisteoirí, agus eile trí thaighde a ghiniúint, a úsáid agus a chomhroinnt mar bhonn don chomhairle, plé agus díospóireacht ar theagasc,foghlaim agus measúnú
- trí chomhoibriú le comhpháirtithe oideachais agus le páirtithe leasmhara níos leithne chun coinníollacha a chruthú a thacaíonn le forfheidhmiú rathúil na bhforbairtí curaclaim agus measúnachta
- trí ómós a bheith againn d'ionchuimsiú, cáilíocht, ábharthacht agus dul chun cinn maidir le heispéireas daoine óga ar churaclam agus ar mheasúnú

## Rialachas

Bunaíodh an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) faoin Acht Oideachais, 1998. Leagtar amach feidhmeanna na Comhairle in Alt VII den Acht. Tá an Chomhairle freagrach don Aire Oideachais agus tá sí freagrach as dea-rialachas a chinntiú. Tugann an Chomhairle faoin tasc sin trí spriocanna agus gníomhartha straitéiseacha a leagan síos agus trí chinntí straitéiseacha a dhéanamh maidir le gach príomhréimse dá cuid oibre. Tá an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin agus an fhoireann ardbhainistíochta freagrach as bainistíocht, rialú agus treoir laethúil CNCM. Ní mór don Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin agus don fhoireann ardbhainistíochta an treoir leathan straitéiseach a shonraíonn an Chomhairle a leanúint agus ní mór dóibh a áirithiú go bhfuil tuiscint shoiléir ag comhaltaí uile na Comhairle ar na príomhghníomhaíochtaí agus na príomhchinntí a bhaineann leis an gComhairle agus ar aon rioscaí suntasacha a d'fhéadfadh teacht chun cinn. Gníomhaíonn an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin mar idirghabhálaí díreach idir an Chomhairle agus lucht bainistíochta CNCM.

## Freagrachtaí na Comhairle

Leagtar amach obair agus freagrachtaí na Comhairle san Acht Oideachais, 1998 (Alt VII), agus sa sceideal a ghabhann leis. Seo a leanas na cúrsaí a ndéanann an Chomhairle amháin cinntí ar a son:

- gach sonraíocht churaclaim agus measúnachta agus creatchuraclaim a fhaomhadh.
- cáipéisí comhairliúcháin a fhaomhadh.
- treoracha agus straitéisí beartais a fhaomhadh.
- pleananna straitéiseacha agus pleananna oibre bliantúla a fhaomhadh.
- tuarascálacha bliantúla a fhaomhadh
- cuntais bhainistíochta ráithiúla agus ráitis airgeadais bhliantúla a fhaomhadh.





- aon athrú suntasach i mbeartais nó i nósanna imeachta cuntasaíochta a fhaomhadh.
- an Ráiteas Bliantúil ar Rialú Inmheánach a fhaomhadh.
- an Ráiteas Rialachais bliantúil agus Tuarascáil na gComhaltaí Boird a fhaomhadh.
- na conarthaí a bhronntar ar fiú €50,000 nó níos mó iad a fhaomhadh.
- beartais bainistíochta riosca a fhaomhadh.
- na téarmaí tagartha agus ceapacháin ar aon fhochoistí de chuid na Comhairle, m.sh. an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca, a fhaomhadh.
- bunú Bord agus Meithleacha Forbartha a fhaomhadh.
- ceapachán na gCathaoirleach ar Bhoird lena n-áirítear na Boird don Luathóige agus don Bhunscoil, don tSraith Shóisearach agus don tSraith Shinsearach a fhaomhadh.
- comhthofa comhaltaí ar Bhoird a fhaomhadh.
- síneadh téarma Boird, Meithle Forbartha nó fochoiste a fhaomhadh, sa chás ina dtagann saincheisteanna chun cinn a éilíonn cruinniú le linn na tréimhse aistrithe le haghaidh Comhairle nua a cheapadh.
- Buanorduithe a fhaomhadh.

Ar na buanmhíreanna a bhreithníonn an Chomhairle, áirítear:

- dearbhú leasanna
- tuairiscí ón bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin
- tuairiscí ó fhochoistí na Comhairle
- bainistíocht riosca.

Cuirtear tuairiscí airgeadais agus bainistíochta le chéile agus déanann an Chomhairle breithniú orthu ar bhonn ráithiúil. Déantar breithniú ar an bPlean Oibre agus ar an athbhreithniú ar fheidhmiú an Phlean Oibre ar bhonn bliantúil. Déantar cúrsaí forchoimeádta a bhreithniú nuair a thagann siad chun cinn.

Ceanglaítear ar an gComhairle faoi Alt VII (46) den Acht Oideachais, 1998, na cuntais agus na taifid go léir is cuí agus is gnách ar an ioncam go léir a gheobhaidh sí agus ar an gcaiteachas go léir a thabhóidh sí a chóiméad, i cibé foirm a cheadóidh an tAire, le cead ón Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Ceanglaítear ar CNCM na rudaí seo a leanas a dhéanamh nuair atáthar ag ullmhú na ráiteas airgeadais sin:

- beartais cuntasaíochta chuí a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go leanúnach
- breithiúnais agus meastacháin atá réasúnta agus stuama a dhéanamh
- ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh ach sa chás go bhfuil sé míchuí le toimhdiú go leanfaidh sí a bheith i bhfeidhm agus
- a dhearbhú cibé ar cloíodh leis na caighdeáin chuntasaíochta infheidhme, faoi réir aon imeacht ábhartha uathu a bheith nochta agus mínithe sna ráitis airgeadais.





Tá an Chomhairle freagrach as taifid chuntasaíochta chuí a choinneáil ina nochtar a staid airgeadais, le cruinneas réasúnta maith uair ar bith, agus a chuireann ar chumas na Comhairle a áirithiú go gcloíonn na ráitis airgeadais le hAlt VII (46) den Acht Oideachais, 1998. Tá an Chomhairle freagrach as cothabháil agus sláine na faisnéise corparáidí agus airgeadais atá le fáil ar shuíomh gréasáin CNCM. Cinntíonn an Chomhairle go bhforáiltear le haghaidh iniúchadh inmheánach agus go ndéanann an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca (CIR) maoirseacht air. Feidhmíonn an tIniúchóir Inmheánach go neamhspleách ar an bhFeidhmeannas[1] ó thaobh a chuid oibre iniúchta de agus tá cearta rochtana aige ar an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin agus ar an CIR. Feidhmíonn sé laistigh den bhuiséad a chomhaontaítear leis an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca, buiséad atá mar chuid de bhuiséad CNCM dá réir. Leagann an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca an buiséad amach don Iniúchadh Inmheánach, ag cur scála agus acmhainní CNCM san áireamh.

Tá an Chomhairle freagrach as an bplean agus an buiséad bliantúil a fhaomhadh. Tugadh faoi mheasúnú ar fheidhmíocht CNCM faoi threoir an phlean agus an bhuiséid bhliantúil freisin.

Tá an Chomhairle freagrach as a sócmhainní a chosaint freisin, agus dá bhrí sin, as céimeanna réasúnta a thógáil chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a aimsiú.

Rinne an Chomhairle breithniú ar na ráitis airgeadais le haghaidh 2023 agus tugann sí dá haire gur ullmhaíodh iad i gcomhréir leis na beartais riachtanacha airgeadais a leagtar amach thuas. Tugtar deimhniú ar bhainistíocht airgeadais agus rialú inmheánach cuí laistigh de CNCM sna ráitis sin. Measann an Chomhairle go dtugtar léargas cothrom agus fíor sna ráitis airgeadais ar fheidhmíocht airgeadais agus ar staid airgeadais CNCM, amhail an 31 Nollaig 2023.

## Struchtúr na Comhairle

Tá Cathaoirleach amháin, beirt Leas-Chathaoirleach agus 23 gnáthchomhalta ar an gComhairle, agus ceapann an tAire Oideachais na daoine sin uile ar bhonn ainmniúcháin a fhaightear ó cheardchumainn múinteoirí, boird bhainistíochta, eagraíochtaí tuismitheoirí agus tionscail agus eagraíochtaí eile.

D'fhógair an tAire Oideachais, Norma Foley T.D., ar an 6 Aibreán 2022, gur ceapadh Comhairle nua ar feadh téarma ceithre bliana go dtí an 28 Feabhra 2026. Tháinig téarma na Comhairle roimhe sin chun críche ar an 28 Feabhra 2022. Buaileann an Chomhairle le chéile seacht n-uaire in aghaidh na bliana de ghnáth. Tionóladh naoi gcruinniú in 2023, agus bhí dhá cheann díobh ina gcruinnithe ar líne.

[1] Úsáidtear an téarma 'Feidhmeannas' sa tuarascáil chun tagairt a dhéanamh d'fhoireann lánaimseartha CNCM.



Sa tábla thíos, tugtar sonraí faoin tréimhse cheapacháin do chomhaltaí in 2023:

### Comhaltaí na Comhairle 2023

| Ainm | An Eagraíocht Ainmnithe (i gcás inarb infheidhme) | An Dáta ar Ceapadh i dtosach é nó í | An Dáta (na dátaí) ar Athcheapadh é nó í |
|---|---|---|---|
| An tUasal Sean Ó Foghlú, Cathaoirleach | An tAire Oideachais | 12 Nollaig 2022 | |
| An tUasal Joe McKeown, Leaschathaoirleach | Cumann Múinteoirí Éireann | 1 Márta 2019 | 1 Márta 2022 |
| An Dr Michael Redmond, Leas-Chathaoirleach | Comhchoiste na mBainisteoirí | 1 Aibreán 2015 | 1 Márta, 2022 |
| An tUasal Denis Ring | Cumann na Scoileanna Pobail is Cuimsitheacha | 1 Márta, 2022 | |
| An tUasal Ed Byrne | Cumann na Meánmhúinteoirí, Éire | 18 Aibreán 2019 | 1 Márta, 2022 |
| Deirdre MacDonald, Uasal | Cumann na Meánmhúinteoirí, Éire | 1 Márta, 2022 | |
| An tUasal Rory D'Arcy | Cumann Bainistíochta na mBunscoileanna Caitliceacha | 1 Márta, 2022 | |
| Joyce Perdue, Uasal | Bord Oideachais Eaglais na hÉireann | 1 Márta 2019 | 1 Márta, 2022 |
| Orlaith O'Connor, Uasal | An Roinn Oideachais | 9 Meán Fómhair 2019 | 1 Márta, 2022 |
| Anne McHugh, Uasal | Boird Oideachais agus Oiliúna, Éire | 1 Márta 2019 | 1 Márta, 2022 |
| Edel Ní Chorráin, Uasal | Foras na Gaeilge | 1 Márta 2019 | 1 Márta, 2022 |
| Claire McGee, Uasal | Ibec | An 1 Márta 2019 go dtí An 1 Nollaig 2021 | 1 Samhain, 2022 |
| An tUasal Brian Tubbert | Comhdháil na gCeardchumann | 1 Márta 2019 | 1 Márta, 2022 |
| Deirdre Murphy, Uasal | Cónaidhm Éireannach na Múinteoirí Ollscoile (go dtí an 8 Márta 2023) | 1 Márta, 2022 | |
| An Dr Sandra Austin | Cónaidhm Éireannach na Múinteoirí Ollscoile | | |
| Carmel Browne, Uasal | Cumann Múinteoirí Éireann | 1 Márta 2019 | 1 Márta, 2022 |
| Máirín Ní Chéileachair, Uasal | Cumann Múinteoirí Éireann | 1 Márta, 2022 | |
| Patricia Gordon, Uasal | Comhchoiste na mBainisteoirí | 1 Márta 2019 | 1 Márta, 2022 |
| An Dr Finn Ó Murchú | Cumann Náisiúnta na mBord Bainistíochta san Oideachas Speisialta | 1 Márta 2019 | 1 Márta, 2022 |
| Claire Downey, Uasal | An Chomhairle Náisiúnta Tuismitheoirí, Bunbhrainse (go dtí an 26 Deireadh Fómhair 2023) | 1 Márta, 2022 | |

## Comhaltaí na Comhairle 2023

| Ainm | An Eagraíocht Ainmnithe (i gcás inarb infheidhme) | An Dáta ar Ceapadh i dtosach é nó í | An Dáta (na dátaí) ar Athcheapadh é nó í |
|---|---|---|---|
| Martina O'Shea, Uasal | An Chomhairle Náisiúnta Tuismitheoirí, Iar-bhunoideachais (go dtí an 31 Nollaig 2023) | 1 Márta, 2022 | |
| An Dr Teresa Hagan | Ainmní an Aire Oideachais agus Scileanna | 1 Márta 2019 | 1 Márta, 2022 |
| An Dr Sheila Garrity | Ainmní an Aire Páistí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige | 2021 | 1 Márta, 2022 |
| Elaine Sheridan, Uasal | Coimisiún na Scrúduithe Stáit | An 1 Nollaig 2021 | 1 Márta, 2022 |
| An tUasal David Duffy | Aontas Múinteoirí Éireann | 25 Meitheamh 2015 | 1 Márta, 2022 |
| Liz Farrell, Uasal | Aontas Múinteoirí Éireann | 1 Márta 2019 | 1 Márta, 2022 |
| Caitlin Faye Maniti, Uasal | Aontas Scoláirí Dara Leibhéal na hÉireann (go dtí an 8 Iúil 2023) | 9 Iúil 2022 | |
| An tUasal Shari Irfan | Aontas Scoláirí Dara Leibhéal na hÉireann | 9 Iúil 2023 | |

## Cothromaíocht Inscne i gcomhaltas na Comhairle

Ón 31 Nollaig 2023 ar aghaidh, bhí 14 (56%) chomhalta ban agus 11 (44%) chomhalta fear ag an gComhairle, agus folúntas amháin ann.

Dá bhrí sin, ón 31 Nollaig ar aghaidh bhain an Chomhairle sprioc an Rialtais amach maidir le hionadaíocht 40% ar a laghad a bheith ag gach inscne i gcomhaltas na mBord Stáit.

## Soláthar Glas agus Éifeachtúlacht Fuinnimh

Tá treochlár leagtha amach ag Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2021 de chuid an Rialtais chun astaíochtaí na hÉireann a laghdú faoina leath faoi 2030 agus neodracht a bhaint amach roimh 2050 ar a dheireanaí. Beidh an Earnáil Phoiblí ag tabhairt ceannaireachta le dea shampla san aistriú seo trí laghdú 51% a dhéanamh ar astaíochtaí faoi 2030, lena n áirítear sainordú a thabhairt d'fhostóirí san earnáil phoiblí ráta 20% a lua le hobair ó bhaile agus cianobair.

Tá freagracht ar CNCM, mar chuid den earnáil phoiblí, soláthar glas a chur chun cinn chun tacú le cuspóirí timpeallachta agus cuspóirí forbartha inbhuanaithe níos leithne na hÉireann.

Sa chomhthéacs seo, thug CNCM faoi roinnt tionscnamh in 2023 chun éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú:

- Forbraíodh an Treochlár um Ghníomhú ar son na hAeráide do CNCM
- Leanadh de bhreithniú a dhéanamh ar thorthaí ó Iniúchadh choimisiúnaithe Fuinnimh SI426 a rinne sainchomhairleoir formheasta de chuid SEAI.
- Tuairiscíodh sonraí faoi ídiú fuinnimh tríd an gcóras Mhonatóireacht agus Thuairisciú SEAI ar líne. Cuireadh na sonraí riachtanacha faoi bhráid ag na spriocdhátaí.
- Rinneadh bailiú sonraí agus próisis um Thaisteal agus Cothú a leasú go suntasach chun an ceanglasatá ar gach comhlacht poiblí sonraí bliantúla ar thaisteal gnó a thuairisciú do SEAI ó 2021 ar aghaidh a chomhlíonadh mar chuid de Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2021.



- Áiríodh moltaí ar rátálacha A3 RFF i sonraíochtaí d'oifig nua i mBaile Átha Cliath
- Laghdaíodh priontáil agus postas trí sholáthar na meán leictreonach.

## Comhionannas agus Cearta Daonna

Bhunaigh roinn 42 d'Acht um Chearta an Duine agus Comhionannas 2014 dualgas dearfach ar chomhlachtaí san earnáil phoiblí chun:

- deireadh a chur le leithcheal
- comhionannas deise agus caitheamh le gach duine ar bhonn cothrom a chur chun cinn
- cearta daonna a chosaint

Ciallaíonn an méid sin go bhfuil dualgas dlíthiúil ar gach comhlacht poiblí in Éirinn, lena n-áirítear CNCM, comhionannas a chur chun cinn, leithcheal a sheachaint agus cearta duine a chuid fostaithe a chosaint chomh maith le custaiméirí, úsáideoirí seirbhíse agus gach duine lena mbaineann a mbeartais agus a bpleananna. Is oibleagáid dhlíthiúil é seo, ar a dtugtar Dualgas Comhionannas agus Cearta Daonna san Earnáil Phoiblí.

## Achtanna na dTeangacha Oifigiúla, 2003 agus 2021

Cuireann Achtanna na dTeangacha Oifigiúla 2003 agus 2021 creat reachtúil ar fáil le haghaidh seachadadh seirbhísí poiblí trí Ghaeilge. Is é an príomhchuspóir méid agus cáilíocht na seirbhísí a chuireann comhlachtaí poiblí ar fáil trí Ghaeilge a mhéadú agus a fheabhsú.

Tá CNCM tiomanta dá oibleagáidí faoi Achtanna na dTeanga Oifigiúla 2003 agus 2021 a chomhlíonadh. Foilsítear Tuarascáil Bhliantúil, Plean Straitéiseach agus príomhdhoiciméid bheartais CNCM go comhuaineach sa dá theanga oifigiúla ar shuíomhanna gréasáin CNCM. Tugann CNCM spreagadh leanúnach do bhaill foirne chun leas a bhaint as an réimse tacaíochtaí agus go háirithe chun freastal ar chúrsaí oiliúna Gaeilge. Tacaítear le baill foirne ar bhonn leanúnach chun cúrsaí a chur i gcrích amhail an Teastas sa Ghaeilge Ghairmiúil (CNC leibhéil 2 go 6) agus an cúrsa i Scileanna Gutháin agus Seirbhís do Chustaiméirí le Gaelchultúr. Ar bhonn neamhfhoirmiúil, spreagtar úsáid na Gaeilge i measc na foirne agus bíonn imeachtaí neamhfhoirmiúla ar siúl gach ráithe.

I mí na Nollag 2021, leasaíodh Acht na dTeangacha Oifigiúla, agus cuireadh oibleagáidí reachtúla nua ar gach comhlacht poiblí maidir leis an nGaeilge. Tháinig an chéad cheann de na hoibleagáidí nua sin i bhfeidhm ar an 10 Deireadh Fómhair 2022 agus baineann sí le fógraíocht sa Ghaeilge. Faoi Alt 10A d'Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú) 2021, éilítear go soláthróidh gach comhlacht poiblí 20% ar a laghad dá bhfógraíocht bhliantúil i nGaeilge. Maidir leis seo, ní mór 5% ar a laghad de chaiteachas bliantúil an bhuiséid fógraíochta a chaitheamh i gcomhar le hasraonta meán na Gaeilge. I mí an Mheithimh 2023, d'fhreastail foireann CNCM ar sheimineáir faisnéise éagsúla ar líne a d'eagraigh an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, i gcomhar le hOifig an Choimisinéara Teanga (OCT) i ndáil leis na ceanglaisreachtúla nua. Ina theannta sin, agus chun forálacha 4A agus 4B den Acht leasaithe a chomhlíonadh, cheap CNCM oifigeach sinsearach chun monatóireacht agus tuairisciú a dhéanamh ar chúrsaí comhlíonta i mí an Mhárta 2023.

Áirithíonn CNCM gur féidir le húsáideoirí plé leis an dá phríomhshuíomh gréasáin dá chuid, www.ncca.ie agus www.curriculumonline.ie, go cothrom trí Ghaeilge agus trí Bhéarla. Tá aistriúchán ar inneachar uile an dá shuímh gréasáin ar fáil don fhoireann trí chomhéadan feidhmchláir (API). Leis an gcóras API sin, áirithítear go mbeidh na hagaí seala fuirigh maidir le hábhair aistrithe dár suíomh gréasáin i bhfad níos éifeachtúla agus

ina gcuidiú, ar deireadh, chun a áirithiú go mbeidh ábhar ar fáil san am céanna d'úsáideoirí i nGaeilge agus i mBéarla. Coinníonn CNCM treoir stíle Gaeilge agus gluaiseanna téarmeolaíochta earnála lena soláthar d'aistritheoirí chun comhsheasmhacht agus inrochtaineacht níos fearr a áirithiú i gcás ábhair aistrithe.

Tá CNCM tiomanta dá oibleagáidí a chomhlíonadh faoi Achtanna na dTeangacha Oifigiúla agus do chainníocht agus cáilíocht na n ábhar agus na seirbhísí a sholáthraítear trí Ghaeilge a fheabhsú go leanúnach.

## Soláthar Faisnéise do Chomhaltaí an Oireachtais ó Chomhlachtaí Stáit

Comhlíonann CNCM ceanglais Chiorclán 25/2016 freisin: Prótacal i dtaobh Soláthar Faisnéise do Chomhaltaí an Oireachtais ó Chomhlachtaí Stáit.

## An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca (CIR)

Tá ceathrar comhaltaí de chuid na Comhairle agus comhalta neamhspleách amháin ar an CIR. Is é ról an CIR tacaíocht a thabhairt don Chomhairle i ndáil lena freagrachtaí maidir le saincheisteanna riosca, rialaithe agus rialachais agus i ndáil leis an dearbhú a bhaineann leo. Tá an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca neamhspleách ar bhainistíocht airgeadais na heagraíochta. Áirithíonn an Coiste go ndéantar monatóireacht ghníomhach agus neamhspleách ar na córais rialaithe inmheánacha, lena n áirítear gníomhaíochtaí iniúchta. Tuairiscíonn an Coiste don Chomhairle i ndiaidh gach cruinnithe, agus go foirmiúil i scríbhinn ar bhonn bliantúil. Cuirfear an tuarascáil bhliantúil seo ar fáil go luath in R3 2024 ar www.ncca.ie.

Tionóladh 8 gcruinniú den CIR in 2023 lena n áirítear comhsheisiún a tionóladh leis an gCoiste Rialachais i mí Feabhra 2023. Ba chruinnithe fíorúla iad na cruinnithe uile a tionóladh ar líne, cé is moite den chomhchruinniú a bhí i bpearsa.

Ón 12 Bealtaine 2022, bhí na daoine seo a leanas mar chomhaltaí an Choiste: an tUasal Joe McKeown [Cathaoirleach], Teresa Hagan, Uasal, Edel Ní Chorráin, Uasal, an tUasal Rory D'Arcy leis an Uasal Dave Salter a ceapadh mí na Bealtaine 2023 mar an comhalta seachtrach chuig an CIR.

## An Coiste Rialachais (CR)

Tá ceathrar comhaltaí de chuid na Comhairle agus comhalta seachtrach amháin ar an gCoiste Rialachais. Is é ról an Choiste tacaíocht a thabhairt don Chomhairle maidir le ceanglais dhlíthiúla agus reachtúla a chomhlíonadh, mar aon le dea-chleachtas a ghlacadh i leith an rialachais. Tuairiscíonn an CR don Chomhairle i ndiaidh gach cruinnithe, agus go foirmiúil i scríbhinn ar bhonn bliantúil.

Cuirfear an tuarascáil bhliantúil seo ar fáil go luath in R3 2024 ar www.ncca.ie.

Ón 12 Bealtaine 2022, bhí na daoine seo a leanas mar chomhaltaí an Choiste: an tUasal Dermot O'Riordan (Cathaoirleach agus comhalta seachtrach), an Dr Sheila Garrity, Deirdre Mac Donald, Uasal, an tUasal Denis Ring agus Máirín Ní Chéileachair, Uasal.

Tionóladh 6 chruinniú den CR in 2023 lena n áirítear comhsheisiún a tionóladh leis an CIR i mí Feabhra 2023. Ba chruinnithe fíorúla iad sin uile a tionóladh ar líne, cé is moite den chomhchruinniú a bhí i bpearsa.



## Sceideal Tinrimh, Táillí agus Costas

Leagtar amach thíos sceideal tinrimh ag cruinnithe de chuid na Comhairle agus na Coistí don bhliain 2023, lena n áirítear na costais a fuair gach comhalta. Ní fhaigheann comhaltaí na Comhairle agus na gCoistí táillí as a bheith rannpháirteach sa Chomhairle:

| Ainm | Líon Cruinnithe de chuid na Comhairle | Líon Cruinnithe de chuid an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca | Líon Cruinnithe de chuid an Choiste Rialachais | Costais (níor íocadh aon táillí le comhaltaí na Comhairle)[2] |
|---|---|---|---|---|
| An tUasal Sean Ó Foghlú | 9/9 | | | |
| An Dr Michael Redmond | 9/9 | | | |
| An tUasal Joe McKeown | 7/9 | 8/8 | | |
| An tUasal Ed Byrne | 8/9 | | | 293 |
| Joyce Perdue, Uasal | 8/9 | | | |
| Orlaith O'Connor, Uasal | 7/9 | | | |
| Anne McHugh, Uasal | 7/9 | | | 707 |
| Edel Ní Chorráin, Uasal | 8/9 | 5/8 | | |
| Claire McGee, Uasal | 4/9 | | | |
| An tUasal Brian Tubbert | 5/9 | | | |
| Carmel Browne, Uasal | 7/9 | | | 932 |
| Patricia Gordon, Uasal | 8/9 | | | |
| An Dr Finn Ó Murchú | 8/9 | | | 5,922 |
| An Dr Teresa Hagan | 8/9 | 4/8 | | |
| An Dr Sheila Garrity | 9/9 | | 4/6 | 590 |
| An tUasal David Duffy | 8/9 | | | |
| Liz Farrell, Uasal | 8/9 | | | 507 |
| Caitlin Faye Maniti, Uasal | 5/5 | | | 145 |

[2] Baineann na costais uile a shonraítear le taisteal intíre agus ní bhaineann siad le freastal ar chruinnithe de chuid na Comhairle amháin. Bíonn comhaltaí na Comhairle rannpháirteach i struchtúir eile de chuid na Comhairle amhail na Boird uileghabhálacha don Luathóige agus don Bhunscoil, agus don tSraith Shóisearach agus don tSraith Shinsearach. D'fhéadfaidís páirt a ghlacadh i mBoird Agallaimh CNCM le haghaidh baill foirne nua freisin. Tagraítear d'iomlán na rannpháirtíochta sin sna costais seo.

| Ainm | Líon Cruinnithe de chuid na Comhairle | Líon Cruinnithe de chuid an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca | Líon Cruinnithe de chuid an Choiste Rialachais | Costais (níor íocadh aon táillí le comhaltaí na Comhairle) |
|---|---|---|---|---|
| Claire Downey, Uasal | 6/7 | | | |
| Deirdre MacDonald, Uasal | 7/9 | | 4/6 | 3,089 |
| Deirdre Murphy, Uasal | 0/1 | | | |
| An tUasal Denis Ring | 7/9 | | 5/6 | |
| Elaine Sheridan, Uasal | 7/9 | | | |
| Máirín Ní Chéileachair, Uasal | 6/9 | | 5/6 | 69 |
| Martina O'Shea, Uasal | 0/9 | | | |
| An tUasal Rory D'Arcy | 6/9 | 7/8 | | 1,916 |
| An tUasal Shari Irfan | 4/4 | | | |
| An Dr Sandra Austin | 6/7 | | | |
| An tUasal Dermot O'Riordan (An Coiste Rialachais) | – | | 6/6 | |
| An tUasal Dave Salter (CIR) | | 3/3 | | |
| **Iomlán** | | | | **14,519** |

## Príomhathruithe Pearsanra

Ar na hathruithe ar an bhFeidhmeannas, áiríodh ceapachán Tracy Curran mar Stiúrthóir, Curaclam agus Measúnacht ar an 9 Samhain 2023 agus John Behan mar Stiúrthóir, Curaclam agus Measúnacht (Gníomhach) ar an 9 Deireadh Fómhair 2023. Ar na hathruithe eile ar an bhfoireann ar iasacht/ ar conradh, áiríodh ceapachán 9 nOifigeach Oideachais.

## Nochtadh a Éilítear de réir an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016)

Tá an Chomhairle freagrach as a áirithiú gur chomhlíon CNCM ceanglais an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú ("an Cód"), a d'fhoilsigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i mí Lúnasa 2016. Éilítear an nochtadh seo a leanas de réir an Chóid.









## Miondealú ar Shochair Ghearrthéarmacha Fostaithe

Tá miondealú ar shochair ghearrthéarmacha fostaithe sa bhreis ar€60,000, leagtha amach thíos; i gcás CNCM, ní thagraíonn seo ach d'fhigiúirí tuarastail.

| Ó | Go | 2023 | 2022 |
|---|---|---|---|
| €60,000 | €69,999 | 6 | 1 |
| €70,000 | €79,999 | 2 | 9 |
| €80,000 | €89,999 | 9 | 14 |
| €90,000 | €99,999 | 13 | 14 |
| €100,000 | €109,999 | 9 | 4 |
| €110,000 | €119,999 | 4 | 1 |
| €120,000 | €129,999 | 0 | 0 |
| €130,000 | €139,999 | 1 | 0 |
| €140,000 | €149,999 | 0 | 0 |
| €150,000 | €159,999 | 0 | 1 |
| €160,000 | €169,999 | 1 | 0 |

Chun críocha an nochta seo, i measc sochair ghearrthéarmacha fostaithe i ndáil le seirbhísí a cuireadh ar fáil le linn na tréimhse tuairiscithe tá tuarastal, liúntais ama bhreise agus íocaíochtaí eile a dhéantar thar ceann an fhostaí, ach **eisiatar** ÁSPC an Fhostóra.

## Costais Dhlíthiúla agus Socraíochtaí Dlíthiúla

In 2023, níor thabhaigh CNCM aon chostais ná socraíochtaí dlíthiúla faoi na téarmaí a leagtar amach sa Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú. Tabhaíodh táillí dlí €49,623 (2022: €19,387) le haghaidh comhairle agus cúnaimh le ceanglais rialachais agus reachtacha ann amhail Saoráil Faisnéise.

## Costais Sainchomhairleoireachta

Mar chuid de na costais sainchomhairleoireachta, áirítear costais a bhaineann le comhairle sheachtrach a chur ar fáil don lucht bainistíochta agus eisiatar na feidhmeanna 'gnó mar is gnách' a cuireadh amach ar conradh in 2023 agus a tabhaíodh le haghaidh comhairle ghinearálta.

| Táillí gairmiúla agus comhairliúcháin | 2023 (€) | 2022 (€) |
|---|---|---|
| Táillí cuntasaíochta agus táillí gairmiúla eile | 41,759 | 44,833 |
| Táille iniúchóireachta seachtraí | 14,000 | 14,000 |
| Táille iniúchóireachta inmheánaí | 9,379 | 8,303 |
| Comhairliúchán (taighde a coimisiúnaíodh le haghaidh obair churaclaim agus mheasúnachta) | 577,223 | 498,771 |
| **Iomláin** | **642,361** | **565,907** |

## Caiteachas Fáilteachais

Áirítear an caiteachas fáilteachais seo a leanas sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais. Déantar costais fáilteachais a rangú mar chostais Inmheánacha (imeachtaí foirne, scoir, srl.) agus mar chostais Sheachtracha (cainteoirí comhdhála a thagann ar cuairt, cruinnithe le gníomhaireachtaí idirnáisiúnta comhionanna, srl.).

| | 2023 (€) | 2022 (€) |
|---|---|---|
| Inmheánach | 100 | 9,186 |
| Seachtrach | 7,489 | 2,106 |
| **Iomlán** | 7,589 | 11,292 |






## Ráiteas Comhlíontachta i leith an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú

Tá beartais agus nósanna imeachta i bhfeidhm ag an gComhairle sna príomhréimsí chun an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú a chomhlíonadh. Leanfar ar aghaidh ag obair ar ghnéithe áirithe den Chód Cleachtais san fhorbairt, athbhreithniú agus athchóiriú a dhéanfar ar bheartais sa tréimhse amach romhainn.

In 2023, thug CNCM Beartas um Obair Chumaisc isteach a raibh an deis ag an bhfoireann uile cur isteach air. Mar chuid de sin, d'áirithigh CNCM go leanúnach go raibh rialuithe gaolmhara TF agus cibearshlándála i bhfeidhm agus go raibh an fhoireann ag obair i dtimpeallachtaí oifige baile a bhí sábháilte agus oiriúnach go heirgeanamaíoch. Cuireadh i gcrích measúnuithe sláinte agus sábháilteachta aghaidh ar aghaidh le measúnóir neamhspleách agus gach ball foirne a bhain leas as obair chumaisc.

Rinne sainchomhairleoir seachtrach Athbhreithniú Eagraíochtúil ar CNCM in 2023. Cuireadh cásanna gnó faoi bhráid na Roinne Oideachais agus fuarthas cead le haghaidh ceapacháin bhreise, lena n áirítear cinn a bhí deartha chun struchtúr eagraíochtúil na Seirbhísí Corparáideacha a fheabhsú agus chun tuilleadh forbartha a cheadú ar na feidhmeanna Rialachais agus comhlíonta go háirithe. Rinneadh an Coiste Rialachais breithniú roimhe sin ar bhreac chuntas do Straitéis Daoine le haghaidh CNCM, leanfar den obair air sin in 2024 tar éis chomhtháthú na gceapachán breise.

Soláthraíodh tacaíocht ionduchtaithe agus TF do chomhaltaí nua den Chomhairle a ceapadh in 2023. Mar chuid de sin, cuireadh seisiúin oiliúna agus faisnéise ó Fhóram Rialachais de IPA ar fáil do chomhaltaí boird de réir mar a tháinig siad chun cinn.

Tá Comhaontú Maoirseachta agus Seachadta Feidhmíochta i bhfeidhm idir an Roinn Oideachais agus CNCM lena gclúdaítear caidrimh rialachais, oibríochta, maoinithe agus tuairiscithe.

Maidir le forálacha an Chóid nár cheart d'aon chomhalta Boird Stáit breis agus dhá théarma iomlána ceapacháin a fhónamh ar an mBord sin, nó nár cheart dó/di ceapacháin a bheith aige/aici ar bhreis agus dhá Bhord Stáit, ag an am céanna, tá cleachtas seanbhunaithe ann nach mbaineann na forálacha seo le CNCM nuair a ainmníonn eagraíochtaí ball foirne ag a bhfuil freagrachtaí díreacha i réimsí forbartha curaclaim agus beartais churaclaim ina eagraíocht féin, agus, dá bharr sin, daoine a rachadh a saineolas chun tairbhe gach duine ábhartha sa chomhthéacs sin.

Rinne an Chomhairle agus an dá fhochoiste dá cuid féinmheasúnú in 2023 ar a gcuid éifeachtachta. Déanfaidh an Chomhairle breithniú ar na moltaí agus cuirfidh sí gníomhartha iomchuí i bhfeidhm in 2024 mar fhreagairt.

## Cosaint Leanaí

D'fhorbair CNCM nósanna imeachta agus treoirlínte don fhoireann maidir le cosaint leanaí agus gnóthaí leasa mar chuid de na ceanglais a achtaíodh in 2017 faoin Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015. I mí na Samhna 2023, rinneadh athbhreithniú agus nuashonrú ar an Ráiteas CNCM um Chumhdach Leanaí, atá ar fáil ar ár suíomh gréasáin ag www.ncca.ie.

I gcomhréir le Ráiteas CNCM um Chosaint agus Cumhdach Leanaí, tá oiliúint i bpearsa maidir le Cosaint Leanaí sceidealaithe ag Tusla don fhoireann uile san eagraíocht inár n oifig i bPort Laoise in Earrach 2024.

Thug Tusla comhairle freisin maidir le socruithe reatha CNCM maidir le Cosaint Leanaí agus beidh an chomhairle sin mar bhonn eolais faoin athbhreithniú bliantúil ar an Ráiteas um Chosaint agus Cumhdach Leanaí in 2024.



## An Fhoireann

Tá foireann fheidhmeannach lánaimseartha ag CNCM faoi cheannas an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin, Arlene Forster. Ba iad seo a leanas an fhoireann in 2023:

| | |
|---|---|
| **Príomhoifigeach Feidhmiúcháin** | |
| Arlene Forster | |
| **Na Leas Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin** | |
| Barry Slattery | Patrick Sullivan |
| **Stiúrthóirí, Curaclam agus Measúnacht** | |
| John Behan (Ag gníomhú ón 9 Deireadh Fómhair 2023) | |
| Tracy Curran (Ón 9 Samhain 2023) | |
| Jacqueline Fallon (go dtí an 31 Lúnasa 2023) | |
| Derek Grant | |
| Diarmuid Mooney (Gníomhach) | |
| Ben Murray | |
| Elaine Ní Neachtain | |
| Evelyn O'Connor (Gníomhach) | |
| Ger O'Sullivan (Gníomhach) | |
| Jacinta Regan | |
| Aoife Rush | |
| **Seirbhísí Corparáideacha** | |
| Áine Armstrong-Farrell, Leas-Phríomhoide | |
| Maura Dee, Ard-Oifigeach Feidhmiúcháin | |
| Bernard Plunkett, Ardoifigeach Feidhmiúcháin (go dtí an 8 Nollaig 2023) | |
| Ann Young, Ard-Oifigeach Feidhmiúcháin | |
| Morgan Lockhart, Oifigeach Feidhmiúcháin | |
| Deirdre Dunne, Oifigeach Feidhmiúcháin | |
| Alan Cooling, Oifigeach Cléireachais | |







| **Seirbhísí Corparáideacha** (ar lean) |
|---|
| Bernie Gallagher, Oifigeach Cléireachais |
| Ger Heffernan, Oifigeach Cléireachais |
| Maria Phelan, Oifigeach Cléireachais |

| **Oifigigh Oideachais** |
|---|
| John Behan (go dtí an 8 Deireadh Fómhair 2023) |
| Paul Behan |
| Ciara Blennerhassett |
| Michelle Bolger |
| Fred Boss |
| Elisabeth Butler (ón 6 Márta 2023) |
| Rachael Byrne |
| Donna Carolan |
| Frank Chambers |
| Tracy Curran (go dtí an 8 Samhain 2023) |
| Mella Cusack |
| Liam Clohessy (ón 1 Meán Fómhair 2023) |
| Lara Dabbagh |
| Mary Daly |
| Deirdre Dennehy (ón 1 Meán Fómhair 2023) |
| Carol Gardiner (ón 16 Deireadh Fómhair 2023) |
| Michelle Geraghty |
| Annette Honan |
| Siobhán Keenan Fitzgerald |
| Maria Kelly |
| Patrick Kelly (go dtí an 29 Meán Fómhair 2023) |
| David King |

| **Oifigigh Oideachais** (ar lean) |
|---|
| Rachel Linney |
| Hannagh McGinley (go dtí an 8 Meán Fómhair 2023) |
| Angela Martin (ón 1 Meitheamh 2023) |
| Ciarán Mooney |
| John Moriarty |
| Aoife Mullen (ón 5 Eanáir 2023) |
| Ronan McGovern (ón 1 Meán Fómhair 2023) |
| Ursula Ní Dhufaigh (ón 1 Meán Fómhair 2023) |
| Deirdre Ní Fhearghail |
| Siobhán Ní Threasaigh |
| Dónal Ó Buachalla |
| Gillian O'Connor |
| Tony Riley (go dtí an 31 Lúnasa 2023) |
| Sinéad Ruane |
| Sharon Skehill |
| Sinéad Tuohy |
| Mary-Elaine Tynan |

| **Oifigeach Náisiúnta Forbartha *Aistear*** |
|---|
| Lorraine Farrell |



## Boird agus Meithleacha Forbartha

Déanann an Chomhairle dul chun cinn ar a cuid oibre trí raon Bord agus Meithleacha Forbartha a bhunaítear i gcomhar leis na heagraíochtaí a bhfuil ionadaithe acu arChomhairle agus le gníomhaireachtaí eile mar is cuí. In 2023, thionóil an Chomhairle 166 cruinniú de na grúpaí sin agus bhí a bhformhór ar siúl ar líne mar gheall ar threoirlínte sláinte poiblí a cuireadh i bhfeidhm mar fhreagairt ar an bpaindéim. Tá liosta de na cruinnithe a reáchtáladh in 2023 ar fáil in Aguisín a hAon.

## Airgeadas

Bhí ioncam iomlán na Comhairle do 2023 cothrom le €8,755,385. Fuarthas bunchistiú dar luach €8,309,702 ón státchiste, tríd an Roinn Oideachais. Clúdaíonn an maoiniú a leithdháiltear do CNCM na míreanna seo a leanas:

- Tuarastail na foirne
- Costais a bhaineann le fhoireann saineolaithe a choimisiúnú chun tacú le hobair na Comhairle
- Forbairt ghairmiúil
- Foilseacháin agus na meáin dhigiteacha, lena n-áirítear profáil, dearadh, grianghrafadóireacht, priontáil agus aistriúchán
- Taighde
- Costais a bhaineann le cruinnithe na Comhairle, a Bord agus a Meithleacha Forbartha, lena n áirítear áiseanna comhdhála a fháil ar cíos agus costais taistil agus chothaithe
- Costais riaracháin amhail cothabháil agus trealamh oifige, stáiseanóireacht, postas, teileafón, cíos, soilsiú agus teas
- Costais a bhaineann le comhdhálacha agus imeachtaí CNCM
- Cothabháil agus forbairt TF
- Idirghníomhaíocht idirnáisiúnta lena n-áirítear táillí ballraíochta le haghaidh eagraíochtaí idirnáisiúnta amhail CIDREE (Cuibhreannas d'Institiúidí um Fhorbairt agus Taighde Oideachais san Eoraip) agus *Association for Educational Assessment, Europe* (IAEA).
- Fógraíocht.

Foilseofar na ráitis airgeadais don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023 nuair a chuirfidh an tArd Reachtaire Cuntas agus Ciste an t iniúchadh bliantúil i gcrích.

## Aguisín 1: Cruinnithe CNCM, 2023

| Grúpa | Líon iomlán na gCruinnithe (leis na lúibíní léirítear an líon díobh a bhí ina gcruinnithe ar líne) |
|---|---|
| **Leibhéal na Luath-Óige agus Leibhéal na Bunscoile** | |
| Bord don Luath-Óige agus don Bhunscoil | 7 |
| Meitheal Forbartha le haghaidh Mhatamaitic na Bunscoile | 3 |
| Fóram Scoileanna | 5 |
| An Mheitheal Forbartha do Theanga sa Bhunscolaíocht | 10 (3) |
| Meitheal Forbartha le haghaidh Oideachas ETIM na Bunscoile | 9 |
| Meitheal Forbartha le haghaidh Oideachas Sóisialta agus Imshaoil na Bunscoile | 10 |
| Meitheal Forbartha le haghaidh Folláine na Bunscoile | 7 |
| Meitheal Forbartha le haghaidh Ealaíona na Bunscoile | 11 (2) |
| Painéal Comhairleach Bunscoileanna | 8 (3) |
| Meitheal Forbartha maidir leis an Nuashonrú ar *Aistear* | 9 (3) |
| **Iar-bhunscoil** | |
| An Bord don tSraith Shóisearach | 2 |
| An Bord don tSraith Shinsearach | 8 |
| Meitheal Forbartha le haghaidh Léann na Drámaíochta, na hAmharclannaíochta agus na Scannán de chuid na hArdteistiméireachta | 9 |
| Meitheal Forbartha le haghaidh Gníomhú ar son na hAeráide & Forbairt Inbhuanaithe de chuid na hArdteistiméireachta | 10 |
| Meitheal Forbartha Theangacha Clasaiceacha na hArdteistiméireachta | 2 |
| Meitheal Forbartha le haghaidh Ghnó na hArdteistiméireachta | 8 |
| Meitheal Forbartha Araibis na hArdteistiméireachta | 3 |
| Meitheal Forbartha Bhitheolaíocht na hArdteistiméireachta | 3 (1) |
| Meitheal Forbartha Cheimic na hArdteistiméireachta | 3 |
| Meitheal Forbartha Fhisic na hArdteistiméireachta | 3 |
| Meitheal Forbartha OSPS, Sraith Shinsearach | 6 (1) |
| Meitheal Forbartha na hIdirbhliana | 7 |
| Meitheal Forbartha le haghaidh Oideachas Speisialta Iar-bhunscoile | 9 |



| Grúpa | Líon iomlán na gCruinnithe (leis na lúibíní léirítear an líon díobh a bhí ina gcruinnithe ar líne) |
|---|---|
| **Iar-bhunscoil** (ar lean) | |
| Painéal Comhairleach ar an tSraith Shinsearach | 2 |
| Meitheal Forbartha maidir leis an Nuashonrú ar *Aistear* | 2 |
| **Trasearnála** | |
| Sainghrúpa Chultúr agus Stair an Lucht Siúil | 12 |
| **Líon iomlán na Meithleacha** | **25** |
| **Líon iomlán na gCruinnithe** | **166** |

## Aguisín 2: Cuir i láthair CNCM (rogha), 2023

Sa tábla thíos, cuirtear i láthair rogha de na cuir i láthair agus de na páipéir a tugadh, agus rogha de na ceardlanna a d'éascaigh foireann CNCM in 2023.

| Imeacht/Eagraíocht | Téama/Teideal |
|---|---|
| Siompóisiam maidir le Cearta, Rannpháirtíocht & Oideachas na bPáistí (Ollscoil na Banríona, Béal Feirste) | Glór agus Rannpháirtíocht Páistí in Athfhorbairt ar Churaclam na Bunscoile i bPoblacht na hÉireann |
| Líonra Proifisiúnta Mhúinteoirí na hIdirbhliana – CGB | Príomhréimsí breithniúcháin lena bhforbraítear Ráiteas athbhreithnithe do Chlár na hIdirbhliana |
| Cruinnithe toscaireachta Shingeapór san Fhoras Taighde ar Oideachas | An Idirbhliain a thabhairt isteach agus a fhorbairt |
| Cruinniú Comhchoiste Náisiúnta INTO | Foilsiú *Chreatchuraclam na Bunscoile* |
| An Chigireacht (ar líne) | Foilsiú *Chreatchuraclam na Bunscoile* |
| Comhdháil bhliantúil na Cigireachta | Measúnacht trasna chontanam an oideachais |
| Comhdháil Oideachais Chumann Múinteoirí Éireann | Súgradh agus Oideolaíochtaí Súgartha i gCuraclam Athfhorbartha na Bunscoile |
| Comhdháil Oideachais Matamaitice Éireann, OCBÁC | Ag féachaint le rath a bhaint amach le *Nuachuraclam Matamaitice na Bunscoile* |
| Aonad CAP<br>Cumann Matamaitice na hÉireann<br>Institiúidí Ardoideachais<br>Seisiún Faisnéise, An Túr Cloig<br>An Chigireacht<br>Seimineárgréasáin INTO FóramPríomha<br>Oide<br>NCSE | Cuir i láthair ar *Nuachuraclam Matamaitice na Bunscoile* – forbhreathnú agus príomhtheachtaireachtaí |
| Comhdháil Idirnáisiúnta Froebel, Ollscoil Mhá Nuad | '*Aistear* á Nuashonrú: An méid a raibh tábhacht leis ansin; an méid a bhfuil tábhacht leis fós; agus an méid gur gá a bheith tábhachtach dúinn anois' |
| EECERA | Babaithe, naíonáin agus páistí óga mar Shaoránaigh Ghníomhaíocha: An bhunchloch a leagan d'fhoghlaim agus d'fhorbairt sa nuashonrú ar *Aistear: Creatchuraclam na Luath Óige in Éirinn*<br>Fiosracht agus cumas gníomhúcháin a chur chun cinn amuigh faoin aer trí *Aistear: Creatchuraclam na Luath óige in Éirinn* |
| Comhdháil bhliantúil OMEP | Babaithe, naíonáin agus páistí óga mar shaoránaigh ghníomhaíocha: Na SFInna a bhaint amach tríd an nuashonrú ar *Aistear: Creatchuraclam na Luath Óige in Éirinn* |
| Ollscoil Mhá Nuad (léachtóirí agus scoláirí BAECCE) | Oideolaíocht chaidreamhach mhall sa chleachtas i suíomh na luath óige. |
| Líonra Taighde Leanaí agus Comhdháil Bhliantúil COBÁC | 'Aistear' Comhroinnte: Lena n áirítear glórtha babaithe, naíonán, páistí óga agus glórtha na ndaoine tábhachtacha ina bpobail sa nuashonrú ar *Aistear: Creatchuraclam na Luath Óige in Éirinn* |
| Toscaireacht na Liotuáine | Curaclam na luath óige in Éirinn |
| Gréasán OSPS | Achoimre ar Shraith Straitéisí ar Líne de chuid OSPS/OCG agus Folláine i gCreatchuraclam na Bunscoile |
| Toscaireacht na Cipire agus CÉINAL | Treoir Chleachtais *Aistear* agus *Aistear Síolta* |
| Toscaireacht na Tuirce | *Aistear: Creatchuraclam na Luath Óige* |
| Coláiste Mhuire gan Smál (léachtóirí agus scoláirí BAECCE) | *Aistear* á Nuashonrú: Prionsabail agus Téamaí |
| Teagascóirí LINC, Coláiste Mhuire gan Smál | Ionchuimsiú a chur chun cinn in *Aistear* nuashonraithe |
| Toscaireacht Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha | Sainchúram agus obair CNCM |
| Comhdháil Chumann Náisiúnta Príomhoidí agus Príomhoidí Tánaisteacha | Plé painéil: Athfhorbairt na Sraithe Sinsearaí |
| Coláiste Mhuire gan Smál, Scoil Samhraidh Dhurlais | Plé painéil: Ag déanamh machnamh ar cheiliúradh 25 bliain ar an Acht Oideachais, 1998 |

# Aguisín 3: Tuarascáil ar nochtadh cosanta

Chuir CNCM nósanna imeachta i bhfeidhm chun nochtadh cosanta a dhéanamh, agus forbraíodh na nósanna imeachta sin i gcomhréir leis an Acht um Nochtadh Cosanta, 2014, agus leis an Acht um Nochtadh Cosanta (Leasú), 2022 ina dhiaidh sin, agus arna gcomhaontú ag an gComhairle. Leagtar amach iontu mioneolas ar an bpróiseas faoinar féidir nochtadh cosanta a dhéanamh agus gach a tharlóidh nuair a dhéantar nochtadh.

Tá CNCM an tiomanta do chultúr agus timpeallacht oibre a áirithiú agus a chothú, ina spreagtar, ina n éascaítear agus ina dtacaítear le haon fhostaí nó le haon duine a bhaineann le hobair CNCM chun 'labhairt amach' ar aon saincheist a d'fhéadfadh cur isteach ar chumas na Comhairle a róil agus a freagrachtaí a chomhlíonadh ar an ardchaighdeán lena mbítear ag súil.

### TUARASCÁIL BHLIANTÚIL NA COMHAIRLE NÁISIÚNTA CURACLAIM AGUS MEASÚNACHTA I gCOMHRÉIR LE hALT 22 DEN ACHT UM NOCHTADH COSANTA (LEASÚ), 2022

Faoi Alt 22 den Acht um Nochtadh Cosanta, 2022, ceanglaítear ar gach comhlacht poiblí tuarascáil bhliantúil a fhoilsiú ina leagtar amach an líon nochtaí cosanta a fuarthas sa bhliain roimhe sin agus an gníomh a glacadh ina leith (má glacadh). Níor cheart go mbeifear in ann daoine a dhéanann nochtadh a aithint mar thoradh ar an tuarascáil seo. Ina theannta sin, ba cheart ráiteas a bheith sa tuarascáil seo á rá gur bhunaigh CNCM cainéil agus nósanna imeachta um thuairisciú inmheánach i gcomhréir leis an Acht. Deimhnímid leis seo go ndearna CNCM amhlaidh.

## Tuarascáil CNCM maidir leis an mBliain 2023

| An bhliain lena mbaineann an Nochtadh | Nochtadh nó Nochtadh ar Bith |
|---|---|
| 2023 | Nochtadh ar Bith |



# Aguisín 4: Ráiteas ar Rialú Inmheánach

## Raon na Freagrachta

Aithním, thar ceann na Comhairle Curaclaim agus Measúnachta (CNCM), freagracht na Comhairle le háirithiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh a chothabháil agus a fheidhmiú. Cuireann an Chomhairle na ceanglais atá uirthi faoin gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) san áireamh sa fhreagracht sin.

## Cuspóir an Chórais Rialaithe Inmheánaigh

Dearadh, leabaíodh agus forfheidhmíodh an córas rialaithe inmheánaigh le cuidiú le hobair agus rialachas corparáideach na heagraíochta a bhainistiú go caighdeán cuí. Dearadh é le rioscaí a bhainistiú go leibhéal atá cuibheasach ach ní féidir leis deireadh iomlán a chur le rioscaí. I bhfocail eile, ní féidir leis an gcóras ach deimhniú réasúnta, seachas deimhniú iomlán, a sholáthar go bhfuil sócmhainní cosanta, go bhfuil idirbhearta údaraithe agus taifeadta go cuí, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó neamhrialtachtaí a chosc nó a bhrath go tráthúil agus go ndéantar iad a cheartú/a bhainistiú.

## CNCM agus an Córas Rialaithe Inmheánaigh

Tugann an Chomhairle faoina hobair ag leagan spriocanna agus gníomhaíochtaí straitéiseacha amach agus ag déanamh cinntí straitéiseacha i ngach réimse dá cuid oibre. Tá an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin agus an fhoireann ardbhainistíochta freagrach as bainistíocht, rialú agus treoir laethúil CNCM.

Cloíonn an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin agus an fhoireann ardbhainistíochta leis an treoir leathan straitéiseach a leagann an Chomhairle síos agus áirithíonn siad go bhfuil tuiscint shoiléir ag comhaltaí uile na Comhairle ar na príomhghníomhaíochtaí agus na príomhchinntí a bhaineann leis an gComhairle agus ar aon rioscaí suntasacha a d'fhéadfadh teacht chun cinn. Gníomhaíonn an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin mar idirghabhálaí díreach idir an Chomhairle agus lucht bainistíochta CNCM. Oibríonn an fhoireann bainistíochta, dá réir sin, le foireann Stiúrthóirí (Curaclam agus Measúnacht) agus le foirne earnála ar a bhfuil Oifigigh Oideachais agus an fhoireann Seirbhísí Corparáideacha chun an Plean Straitéiseach agus Plean Oibre bliantúil na Comhairle a fhorfheidhmiú, agus iad ag obair laistigh de na rialuithe a leagtar amach chun obair na heagraíochta a bhainistiú agus cáilíocht obair na Comhairle a dheimhniú.

Cuireann CNCM comhairle ar fáil don Aire Oideachais maidir le cúrsaí a bhaineann leis an gcuraclam don oideachas luath-óige, do bhunscoileanna agus d'iar-bhunscoileanna, agus na nósanna imeachta measúnachta a úsáidtear i scoileanna agus scrúduithe in ábhair atá mar chuid den churaclam. Forbraítear an chomhairle sin trí Thaighde, Comhairliúchán, Machnamh agus Líonrú. Tá córais rialaithe cáilíochta i bhfeidhm chun an chomhairle sin a fhorbairt:

- neartaíonn fianaise thaighde, cleachtadh maith agus taithí idirnáisiúnta an chomhairle sin
- bíonn an chomhairle sin bunaithe ar na cainteanna agus ar an bplé a bhíonn ag an gComhairle lena Boird agus Meithleacha Forbartha
- bíonn tionchar ag an aiseolas a fhaightear ó chomhairliúcháin leis an bpobal, scoileanna, suíomhanna luathóige, leasanna oideachasúla agus dreamanna eile ar an gcomhairle
- tugann líonraí scoileanna agus suíomhanna luathóige aiseolas ar na smaointe agus cuir chuige éagsúla atá á bhforbairt agus cuireann siad samplaí praiticiúla ar an bhfoghlaim agus an teagasc agus ar obair an scoláire ar fáil.

Cuidíonn siad sin uile le háirithiú go bhfuil rialuithe éifeachtacha i bhfeidhm maidir le cáilíocht na comhairle curaclaim agus measúnachta atá i gcroílár obair na Comhairle.

Tá beartais agus nósanna imeachta i bhfeidhm ag CNCM a scaiptear ar an bhfoireann. Ina measc siúd, áirítear beartais maidir le hairgeadas, acmhainní daonna, cosaint sonraí, soláthar agus bainistiú riosca. Tá córas Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta, atá ceangailte le socruithe bainistíochta líne, i bhfeidhm don fhoireann ina gcuirtear béim láidir ar agus foráil d'fhorbairt ghairmiúil leanúnach.

Tá CNCM á maoiniú go príomha ag an Roinn Oideachais. Tá an Chomhairle freagrach as an bPlean Oibre bliantúil agus an buiséad bliantúil a fhaomhadh, agus leithdháiltear agus caitear cistí de réir thosaíochtaí na Comhairle. Ullmhaíonn an gnólacht cuntasaíochta Comhairleoirí Gnó Harney Nolan ráitis airgeadais bhliantúla na Comhairle agus tá siad faoi réir iniúchadh seachtrach a dhéanann an tArd Reachtaire Cuntas agus Ciste. Tugann an Chomhairle faoi athbhreithniú éifeachtachta ar bhonn rialta.

Tá sé mar aidhm ag an gComhairle luach ar airgead a fháil dá ceannacháin agus macántacht a chinntiú ina pleanáil agus a nósanna imeachta soláthair, nósanna imeachta a fheidhmíonn i gcomhréir le beartas soláthair an rialtais.

Bhí an córas rialaithe inmheánaigh, a thagann le treoir a d'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí Sheachadadh PFN agus Athchóirithe i bhfeidhm ag CNCM don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023 agus suas go dtí an dáta a faomhadh na ráitis airgeadais.

## An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca

Tá Coiste Iniúchóireachta agus Riosca ag CNCM ar a bhfuil ceathrar comhaltaí de chuid na Comhairle agus comhalta seachtrach amháin ag a bhfuil saineolas airgeadais agus iniúchta ar an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca. Tá an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca neamhspleách ar bhainistíocht na heagraíochta. Go háirithe, féachann an Coiste lena chinntiú go ndéantar monatóireacht ghníomhach agus neamhspleách ar na córais rialaithe inmheánaigh, lena n-áirítear gníomhaíochtaí iniúchta. Tháinig an CIR le chéile 8 n uaire in 2023.

## Rialú Inmheánach

Bhunaigh CNCM feidhm iniúchta inmheánaigh freisin a thugann faoi chlár oibre a chomhaontaítear leis an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca. Cuirtear an obair a bhaineann leis an iniúchadh inmheánach amach ar conradh agus is é Crowleys DFK a dhéanann í, chomh maith le hathbhreithniú ar na rialuithe inmheánacha in 2023, agus ba é a thuairiscigh don CIR freisin.

Is é cuspóir an athbhreithnithe deimhniú a sholáthar do CNCM agus dá pháirtithe leasmhara maidir le leorgacht agus éifeachtacht chreat rialaithe CNCM sa mhéid go bhfuil an Chomhairle ag comhlíonadh na bpróiseas atá i bhfeidhm chun trédhearcacht, rialtacht, agus cuibheas a áirithiú.

Tarraingíodh aird ar neart gnéithe dearfacha agus ar phríomhláidreachtaí de thimpeallacht rialaithe inmheánaigh CNCM san *Athbhreithniú Ardleibhéil ar Éifeachtacht Rialuithe Inmheánacha, 2023*' le Crowleys DFK, lena n áirítear go bhfuil baill foirne a phléann le tascanna airgeadais oilte, inniúil agus go bhfuil taithí acu.

Léiríonn torthaí an iniúchta gur féidir urrús réasúnta a chur ar leorgacht agus éifeachtacht oibriúcháin rialuithe chun rioscaí airgeadais a mhaolú agus/nó a bhainistiú darbh féidir go mbeidh CNCM nochta.





Thuairiscigh na hiniúchóirí 3 thoradh Mheánacha riosca agus 3 thoradh Ísle riosca. Leis an ngnáthmhaoirseacht leanúnach bhainistíochta, in éineacht le réiteach aon torthaí a ardaítear sa tuarascáil, ba cheart a áirithiú go bhfanann an riosca rialaithe íseal i gcónaí.

I gcás fhormhór na dtorthaí, tabharfar aghaidh orthu le ceapadh an Oifigigh Soláthair atá á earcú faoi láthair agus a dhéileálfaidh le Sócmhainní Seasta, le Soláthar agus a thacóidh leis na próisis Chomhlíonta agus Iniúchta.

Tá aghaidh á tabhairt faoi láthair ar mholtaí an athbhreithnithe sa chomhthéacs seo agus réiteofar na hábhair atá i gceist le linn 2024. Chun cuidiú leis sin, áireofar torthaí iniúchta inmheánaigh, de réir mar atá sin cabhrach, i mbeochláir riosca CNCM agus cuirfear rialuithe iomchuí i bhfeidhm chun an riosca a mhaolú go dtí gur féidir deireadh a chur leis na rioscaí.

Chomh maith leis sin, réiteoidh CNCM aon saincheisteanna a sainaithníodh san iniúchadh seachtrach. Déanfaidh lucht bainistíochta CNCM monatóireacht ghéar ar na cúrsaí seo agus déanfaidh an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca maoirseacht ar an obair leantach a bhaineann leis na míreanna a tháinig chun cinn ón iniúchadh inmheánach agus seachtrach agus déanfaidh sé athbhreithniú ar a dhul chun cinn.

Cuirtear acmhainní ar fáil don iniúchadh inmheánach, mar is gá, i bhfianaise an méadú atá ag teacht ar ghníomhaíocht agus méid na heagraíochta tríd is tríd.

## Creat Riosca agus Rialaithe

Feidhmíonn CNCM faoi bheartas bainistíochta riosca ina n áirítear ráiteas inghlacthachta riosca, an creat bainistíochta riosca, agus sonraí maidir le róil agus freagrachtaí na foirne i ndáil le riosca. Rinne an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca athbhreithniú ar an mbeartas bainistíochta riosca agus d'fhaomh Comhairle CNCM é i mí an Mheithimh 2022.

Tá clár riosca i bhfeidhm ina sainaithnítear cineál na rioscaí atá roimh CNCM agus rinneadh iad sin a shainaithint, a mheas agus a ghrádú de réir a suntasachta. Déanann an Príomhoifigeach Riosca, na húinéirí riosca, lucht bainistíochta, agus an CIR an clár a athbhreithniú agus monatóireacht ar an mbainistíocht riosca ag gach ceann dá gcuid cruinnithe. Tá bainistíocht riosca ina mír ar chlár oibre gach cruinniú den Chomhairle freisin. Úsáidtear torthaí an athbhreithnithe chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh lena áirithiú go ndéantar rioscaí a bhainistiú go leibhéal inghlactha.

Roinntear na freagrachtaí idir an fhoireann uile sa bheartas agus i mbeartas bainistíochta riosca, lena n-áirítear an Príomhoifigeach Riosca, an Fhoireann Ardbhainistíochta, an Fhoireann Stiúrtha, Foireann na Seirbhísí Corparáideacha agus na hOifigigh Oideachais.

Eisíodh an beartas don fhoireann uile agus táthar ag súil go n oibreodh sí de réir bheartais bainistíochta riosca CNCM, leis an lucht bainistíochta a chur ar an eolas faoi aon rioscaí a thagann chun cinn agus le laigí a rialú chun freagracht a ghlacadh as rioscaí agus rialuithe laistigh dá réimse oibre féin.

Sonraítear na rialuithe agus na gníomhaíochtaí a theastaíonn chun rioscaí a mhaolú ar an gclár riosca agus sanntar freagracht as feidhmiú na rialuithe do bhall foirne ar leith ann freisin. Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe ina bhfuil na gnéithe seo a leanas i bhfeidhm:

- rinneadh gach ceann de na príomhnósanna imeachta ghnó a dhoiciméadú.
- sannadh freagrachtaí airgeadais ag leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhréire.









- tá córas buiséadaithe feidhmeach ann agus buiséad bliantúil aige a leagtar amach i bPlean Oibre bliantúil CNCM, agus déanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithniú leanúnach air agus cuirtear feabhsuithe i bhfeidhm air mar is cuí.
- tá córais ann agus á bhforbairt a bhfuil sé mar aidhm acu slándáil na gcóras teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide a chinntiú.
- rinneadh na córais atá ann chun sócmhainní a chosaint a nuashonrú agus tá clár inchuardaithe sócmhainní agus conarthaí mar chuid de na córais sin agus sannadh na freagrachtaí áirithe
- cinntíonn nósanna imeachta rialaithe maidir le maoiniú deontais do ghníomhaireachtaí seachtrach, trí Chomhaontuithe ar Leibhéal Seirbhíse a úsáid, rialú sásúil ar fhaomhadh deontas agus monatóireacht agus athbhreithniú ar na deontaithe d'fhonn a áirithiú gur úsáideadh an maoiniú deontais don chuspóir dar bronnadh é.

## Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl go tráthúil do na daoine atá freagrach as gníomh ceartaitheach a ghlacadh, agus don lucht bainistíochta agus don Chomhairle, nuair is cuí. Deimhním go bhfuil na córais monatóireachta leanúnacha seo a leanas i bhfeidhm:

- sainaithníodh príomhrioscaí agus na rialuithe a ghabhann leo agus cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú na bpríomhrialuithe sin agus déantar tuairisciú ar aon easnaimh a aimsíodh
- bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal i measc na bhfoirne earnála, foirne tionscadal sonrach agus fhoireann na seirbhísí corparáideacha áit a bhfuil freagracht do bhainistíocht airgeadais sannta cheana féin
- tugtar faoi athbhreithnithe rialta ag cruinnithe de chuid na foirne bainistíochta ar fheidhmíocht thréimhsiúil agus bhliantúil agus ar thuarascálacha airgeadais ina léirítear feidhmíocht i gcomparáid le buiséid/réamhaisnéisí agus,
- déanann an lucht ardbhainistíochta maoirseacht ar fhorfheidhmiú na moltaí a thagann as tuarascálacha na n iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha.

## Tuarastail agus Pá

Íoctar baill foirne CNCM trí na córais phárolla arna reáchtáil ag an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte (ONSC), an Roinn Oideachais (ROS), agus Boird Oideachais agus Oiliúna áirithe (BOOnna) mar seo a leanas:

- Íocann an tIonad Seirbhísí Comhroinnte Párolla (ISCP), atá mar chuid de ONSC, an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, státseirbhísigh bhunaithe agus roinnt ball foirne ar conradh.
- Íocann Párolla na Múinteoirí Bunscoile agus Iar-bhunscoile RO baill foirne atá ar iasacht ó bhunscoileanna agus ó iar-bhunscoileanna.
- Íocann an BOO ábhartha fós baill foirne ar iasacht ó na BOOanna.

Íocann CNCM go díreach as obair arna coimisiúnú ag speisialtóirí ábhair agus daoine eile le cabhair ó sholáthraí seirbhíse párolla (Smith and Williamson).

Baintear amach deimhniú maidir leis na rialuithe gaolmhara atá i bhfeidhm trí iniúchadh inmheánach agus seachtrach in CNCM agus na heagrais ghaolmhara. Tá Comhaontú Bainistíochta Seirbhísí d'Fhostaithe,Meabhrán Tuisceana agus Comhaontú Próiseála Sonraí i bhfeidhm le ONSC.

## Soláthar

Tá sé mar aidhm ag an gComhairle luach ar airgead a fháil dá ceannacháin agus macántacht a chinntiú ina pleanáil agus a nósanna imeachta soláthair, nósanna imeachta a fheidhmíonn i gcomhréir le beartas soláthair an rialtais.

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag CNCM chun comhlíonadh rialacha agus treoirlínte reatha maidir le soláthar a áirithiú. Ní raibh aon soláthar neamhchomhlíontach ann in 2023. In 2023, d'fhormheas an Chomhairle Plean Corparáideach Soláthair 2023 go 2026.

## Athbhreithniú ar Éifeachtacht

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag CNCM chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta maidir le bainistiú agus rialú rioscaí. Is éard atá mar bhonn eolais faoin monatóireacht agus faoin athbhreithniú a dhéanann CNCM ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh ná an obair a dhéanann na hiniúchóirí inmheánacha agus seachtracha, an CIR a dhéanann maoirseacht ar a gcuid oibre, agus obair na foirne ardbhainistíochta in CNCM atá freagrach as an gcreat um rialú airgeadais inmheánaigh a fhorbairt agus a choinneáil.

Deimhním go ndearna an CIR athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha le haghaidh 2023. Thug an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca na torthaí ar athbhreithniú inmheánach agus thuairiscigh siad na torthaí ar a athbhreithniú don Chomhairle le machnamh a dhéanamh orthu.

Deimhním go ndearna an Chomhairle athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha le haghaidh 2023 ar an (21 Márta 2024). Bhí an t-athbhreithniú a rinne an Coiste mar bhonn eolais faoin athbhreithniú sin.

## Saincheisteanna Rialaithe Inmheánaigh

Níor aimsíodh aon laigí sa rialú inmheánach i ndáil le 2023 ar gá nochtadh a dhéanamh orthu sna ráitis airgeadais.

Seán Ó Foghlú

Seán Ó Foghlú
Cathaoirleach





NCCA

An Chomhairle Náisiúnta
Curaclaim agus Measúnachta
National Council for
Curriculum and Assessment